



**NUI Galway**  
**OÉ Gaillimh**

**Mionlogainmneacha Cheantar Ghleann Átha,  
Contae Dhún na nGall**

Oisín Goodman

19232899

Tráchtas

MA sa Nua-Ghaeilge

Ollscoil na hÉireann

Gaillimh

Stiúrthóir: an tOllamh

Lillis Ó Laoire

Lúnasa 2020



OÉ Gaillimh  
NUI Galway

## Roinn na Gaeilge

### Dearbhú maidir le tráchtas MA a leagan faoi bhráid na Roinne

Dearbhaím gurb í <u>mo chuid oibre féin</u> atá sa tráchtas seo agus:	✓
1. Go bhfuil <i>Polasaí Bradaíola na hOllscoile</i> léite agam agus go dtuigim é (féach an nasc: <a href="http://www.nuigalway.ie/plagiarism/">http://www.nuigalway.ie/plagiarism/</a> ).	✓
2. Go bhfuil tagairtí iomlána sa téacs agus sa leabharliosta tugtha agam i leith gach foinse (leabhair, irisleabhair, srl.) a úsáideadh sa tráchtas seo.	✓
3. Go bhfuil córas aitheantas tagartha úsáidte go seasmhach agam (féach: <a href="http://libguides.library.nuigalway.ie/Plagiarism/Referencing">http://libguides.library.nuigalway.ie/Plagiarism/Referencing</a> ).	✓
4. Nár úsáid mé obair le haon mhac léinn/mic léinn eile gan í sin a aithint go follasach, agus nár leag mé an obair seo isteach faoi chló eile ar mhaithe le measúnú.	✓
5. Nár fhostaigh agus nár lorg mé cúnamh ó sheirbhís ghairmiúil scríbhneoireachta chun an obair seo a dhéanamh, nó nach bhfuair mé aon cúnamh nár tugadh aitheantas dó.	✓

#### RÁITEAS:

Táim ar an eolas faoi *Pholasaí Bradaíola na hOllscoile*, tuigim é agus dearbhaím gur liomsa an obair seo agus nach bhfuair mé cúnamh ina leith.

Sínithe: Dáirín Goodman ..... Dáta: 26/09/2020 .....

## Clár an Tráchtais

Buíochas .....	v
Achoimre.....	vi
<b>RÉAMHRÁ.....</b>	<b>vii</b>
Scóip an tráchtais.....	viii
Bailiú na mionlogainmneacha.....	ix
Mionlogainmneacha.....	xi
Tábhacht na Mionlogainmneacha.....	xii
<b>CAIBIDIL 1: CÚLRA.....</b>	<b>1</b>
An Ceantar Taighde.....	1
Stair an cheantair.....	2
An Gorta.....	4
Aighneas talún.....	5
Lonnaíocht i nGleann Átha.....	6
An Ghaeilge i nGleann Átha.....	8
Coláiste Uladh.....	9
Eacnamaíocht an cheantair.....	10
An imirce in Iarthuaisceart Dhún na nGall.....	11
An Lagán .....	11
Albain.....	13
<b>CAIBIDIL 2: LIOSTÁIL MHIONLOGAINMNEACHA GHLEANN ÁTHA.....</b>	<b>15</b>
Giorrúcháin.....	16
Sliabh na Bealtaine.....	18
Fána Bhuí.....	19
Caoldroim Uachtarach.....	28
Caiseal na gCorr.....	34
An Bhealtaine Íochtarach.....	45
An Bhealtaine Uachtarach.....	52
Baile na Creige.....	52

An Caiseal.....	53
Caoldroim Íochtarach.....	55
An Ardaidh Bheag.....	55
Gort an Choirce.....	58
An Ardaidh Mhór.....	60
<b>Caibidil 3: ANAILÍS AR MHIONLOGAINMNEACHA GHLEANN ÁTHA.....</b>	<b>61</b>
Rangú ar na míreanna.....	61
Gnéithe Fisiciúla.....	61
Logainmneacha nach mbaineann le gnéithe fisiciúla.....	65
Gníomhaíocht na ndaoine sna logainmneacha.....	67
Ainmneacha pearsanta agus sloinnte sna logainmneacha.....	70
An Béaloideas agus an Mhiotaseolaíocht sna logainmneacha.....	70
Ainmhithe i mionlogainmneacha Ghleann Átha.....	71
Anailís ar dhéantús logainmneacha Cheantar Ghleann Átha.....	73
Conclúid.....	75
Leabharliosta.....	77

## **BUÍOCHAS**

Ar dtús báire, tá mé go mór faoi chomaoin ag an Ollamh Lillis Ó Laoire a thug spreagadh agus tacaíocht leanúnach dom le linn mo chuid taighde. Roinn sé a chuid saineolais ar Ghleann Átha liom agus chuidigh sé go mór liom i dtaobh foinsí a aimsiú chomh maith. Bhí sé i gcónaí ar fáil le mo chuid ceisteanna a fhreagairt, rud a chuidigh go mór leis na deacrachtaí a bhain le taighde mar seo a chur i gcrích le linn le linn na dianghlasála a shárú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an fhoireann ar fad i Roinn na Gaeilge in Ollscoil na hÉireann a thug teagasc den scoth le linn na bliana seo. Tá mé buíoch as mo chomhghleacaithe ranga chomh maith as a gcuid smaointe a phlé liom agus muid ag tabhairt faoin taighde.

Tá mé fíorbhuíoch do mo theaghlach ar fad as an chuidiú a thug siad dom le linn an chúrsa seo. Ní bheinn ábalta tabhairt faoin chéim mháistreachta gan a dtacaíocht siúd.

## ACHOIMRE

Is é an struchtúr atá ag an tráchtas seo ná réamhrá agus trí chaibidil a dhíríonn ar ghnéithe éagsúla. Pléitear an dóigh ar spreagadh mé chun tabhairt faoin taighde seo, déantar cur síos ar scóip an tráchtais agus tugtar léargas ar an cheantar taighde sa réamhrá. Cuirtear i láthair an mhodheolaíocht a úsáideadh leis an taighde a chur i gcrích, tugtar sainmhíniú ar an rud is mionlogainm ann agus pléitear tábhacht na mionlogainmneacha sa réamhrá fosta.

I gCaibidil 1, déantar cur síos ar an cheantar taighde i dtaobh na tíreolaíochta agus na topagrafaíochta de, tugtar spléachadh ar stair an cheantair i dtréimhsí éagsúla agus léirítear patrún na lonnaíochta agus cleachtais feirmeoireachta na háite. Tarraingítear aird ar an Ghaeilge i nGleann Átha, ar an eacnamaíocht sa cheantar agus ar thionchar na himirce ann. Dírítear go speisialta ar thionchar na himirce séasúraí go dtí an Lagán agus go hAlbain ar Ghleann Átha.

I gCaibidil 2 déantar na mionlogainmneacha a bhfuarthas sa taighde seo a liostáil de réir baile fearainn. 400 mionlogainm a bailíodh ar an iomlán agus cuirtear an fhoinse óna bhfuarthas an mionlogainm chomh maith le haon eolas breise faoi na logainmneacha isteach mar nóta.

Déantar anailís ar na mionlogainmneacha i gCaibidil 3. Cuirtear rangú ar na míreanna a fhaightear iontu i láthair agus pléitear na rudaí a gcuirtear in iúl sna mionlogainmneacha maidir le gníomhaíocht na ndaoine sa cheantar. Pléitear na hainmhithe a fhaightear sna logainmneacha chomh maith leis na hainmneacha pearsanta agus sloinnte atá le fáil iontu. Ar deireadh, déantar anailís ar dhéantús na mionlogainmneacha i dtaobh na gramadaí de.

Anseo ag stáisiún Chaiseal na gCorr  
d'aimsigh mise m'óileán rúin  
mo thearmann is mo shanctóir.  
Anseo braithim i dtiúin  
le mo chinniúint féin is mo thimpeallacht.  
Anseo braithim seasmhacht  
is mé ag feiceáil chríocha mo chineáil  
thart faoi bhun an Earagail  
mar a bhfuil siad ina gcónaí go ciúin  
le breis agus trí chéad bliain  
ar mhínte féaraigh an tsléibhe  
ó Mhín 'a Leá go Mín na Craoibhe.  
Anseo, foscailte os mo chomhair  
go díreach mar bheadh leabhar ann  
tá an taobh tíre seo anois  
ó Dhoire Chonaire go Prochlais.  
Thíos agus thuas tím na gabháltais  
a briseadh as béal an fhiántais.  
Seo duanaire mo mhuintire;  
an lámhscríbhinn a shaothraigh siad go teann  
le dúch a gcuid allais (Ó Searcaigh, 2000: 126)

## RÉAMHRÁ

Chomh luath is a thosaigh mé ag foghlaim na Gaeilge agus mé i mo ghasúr óg ar an mheánscoil i mbaile mór an Lúir, bhí i gcónaí dúil as cuimse agam i mbrí logainmneacha na tíre seo. De réir mar a tháinig forbairt ar mo chuid Gaeilge, bhínn ag amharc ar an chló Iodálach ar chomharthaí bóthair am ar bith a raibh mé ag dul trasna na teorainn agus dhéanainn iarracht ciall a bhaint astu. Shíl mé i gcónaí gur trua nach bhfuil ár logainmneacha ar fáil dúinn ar bhealach sofheicthe agus inrochtana mar sin sna sé chontae. Nuair a bhí céim bhaitsiléara ar súil agam sa Ghaeilge cúpla bliain ó shin, chinn mé mo thráchtas a scríobh faoi logainmneacha i mo cheantar féin sa dóigh is go bhfaighinn léargas níos fearr ar na hainmneacha a bhíonn in úsáid agam go minic. *Míreanna fisiciúla i Logainmneacha Iardheisceart Chontae an Dúin agus an Lúir: Dáileadh agus Brí* ba theideal leis, agus ba é an sprioc leis ná plé a dhéanamh ar dháileadh agus ar bhrí na logainmneacha sa cheithre pharóiste a chuimsíonn Iardheisceart an Dúin agus baile an Lúir.

Thaitin an tráchtas fochéime go mór liom agus nuair a bhí an rogha le déanamh agam ar an ábhar a bheidh ar bun agam i mo thráchtas máistreachta bhí mé cinnte go leanfainn ar aghaidh i réimse na logainmneacha. Chaith mé bliain ag

obair le *Grúpa Taighde Gaois* in Ollscoil Bhaile Átha Cliath anuraidh agus bhain cuid den obair a bhí agam le meitheal logainm; an suíomh ar leith atá acu a phléann le mionlogainmneacha. D'fhás mo spéis i ngort na mionlogainmneacha mar thoradh ar an taithí seo agus bhí an-suim agam taighde a dhéanamh orthu. Bíonn dáimh ar leith ag daoine lena gceantar féin agus ní haon scéal éagsúil dom féin agus smaoinigh mé ar dtús faoi staidéar a dhéanamh ar mhionlogainmneacha i nDeisceart an Dúin. Áfach, thuig mé nach mbeadh sé furasta mionlogainmneacha Gaeilge a bhailiú i mo cheantar féin mar nach í an ghnáththeanga laethúil san áit le roinnt glúnta anuas. Bhí a fhios agam ó tháithí na fochéime nach mbeadh mórán foinsí ar fáil maidir le mionlogainmneacha sa cheantar ach oiread.

Tá Gaeltacht Iarthuaisceart Thír Chonaill ar cheann de na háiteanna is mó taobh amuigh de mo bhaile féin a bhfuil dáimh agam léi, de thairbhe na samhraí atá caite agam i Machaire Uí Rabhartaigh nuair a bhínn ag freastal ar an choláiste samhraidh ansin. Chaith mé cúpla bliain ag obair mar cheannaire i gColáiste an Phiarsaigh i nDún Lúiche chomh maith. Nuair a moladh dom staidéar a dhéanamh ar mhionlogainmneacha i gCeantar Ghleann Átha bhí mé an-tógtha leis mar go raibh a fhios agam go mbeadh go leor seanchais agus rudaí spésiúla eile ag baint leo in áit a bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga na ndaoine inti. Sílim go gcuidíonn cur amach a bheith agat ar cheantar le staidéar a dhéanamh ar logainmneacha ann, agus bhí mé sásta go raibh aithne mhaith agam ar Ghleann Átha cheana féin chomh maith.

### **Scóip an tráchtais**

Beidh an tráchtas seo ag díriú isteach go príomha ar mhionlogainmneacha sa cheantar atá mar chuid d'abhantrach Ghleann Átha i nDúiche Chloich Chionnaola. Is é Tulacha Beigile an t-ainm atá ar an pharóiste dlí ina bhfuil Gleann Átha suite ach is minice a gcuirtear Cloich Chionnaola mar ainm ar an pharóiste. Tosaíonn an abhainn gar do Dhún Lúiche ag bun an tsléibhe is airde i Sléibhte Dhoire Bheatha agus sa chontae ar fad; An Earagail, a sheasann ag 751



méadar ar airde agus a bhfuil cuma ar leith uirthi mar gheall ar a mullach grianchloichíte. Ritheann abhainn Ghleann Átha ó bhun na hEaragaile ó thuaidh comhthreomhar leis an bhóthar N56 go dtí Baile Ghort an Choirce agus téann sí i bhfarraige ag an phointe seo i mBá Bhaile an Easa.

Ag tosú le foinse na habhann agus ag gluaiseacht ó thuaidh is iad na bailte fearainn seo a leanas a bheidh faoi chaibidil sa taighde seo; Sliabh na Bealtaine, Fána Bhuí, Caoldroim Uachtarach, Caiseal na gCorr, An Bhealtaine Uachtarach, An Bhealtaine Íochtarach, Baile na Creige, An Caiseal, Caoldroim Íochtarach, An Ardaidh Bheag, Gort an Choirce agus An Ardaidh Mhór.

### Bailiú na mionlogainmneacha

Ó thaobh cur chuige an tráchtais de, baineadh úsáid as foinsí éagsúla chun eolas i dtaobh na mionlogainmneacha sa cheantar seo a tharraingt le chéile.

Ar dtús báire, rinneadh iniúchadh ar léarscáileanna stairiúla de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis; an léarscáil 25 orlach d'Éirinn a rinne an tSuirbhéireacht idir 1888-1913; an léarscáil 6 orlach a rinneadh idir 1829-1842 agus an léarscáil Cassini a rinneadh thar thréimhse fhada idir na hocht déag tríochaidí agus na naoi déag tríochaidí. Rinneadh na léarscáileanna a scrúdú ó bhaile fearainn go baile fearainn, breacadh síos mionainm ar bith a bhí le fáil iontu agus rinneadh liosta dóibh de réir baile fearainn. Tá buntáiste mór ag baint leis an ábhar a bailíodh ó na léarscáileanna seo sa dóigh is gur féidir suíomh na logainmneacha a fheiceáil.

Bhí Cnuasach Bhéaloideas Éirinn mar fhoinse eile a raibh tábhacht mhór ag baint leis don taighde seo. Tá Bailiúchán na Scol mar chuid lárnach den Chnuasach, agus baineann sé le hábhar a bailíodh idir 1937 agus 1939 nuair a rinneadh tionscadal náisiúnta i measc scoileanna na tíre chun daltaí scoile a chur amach ina bpobal féin chun ábhar béaloidis a bhailiú. Ghlac 5000 bunscoil páirt sa scéim agus d'éirigh go geal leis mar gur bailíodh 740,000 leathanach béaloidis mar thoradh air. Bhí Bailiúchán na Scol ar an fhoinse ab fhairsinge dom maidir le mionlogainmneacha a bhailiú i gCeantar Ghleann Átha, mar gur leag múinteoirí

an cheantair go leor béime ar logainmneacha a bhailiú le linn an tionscadail. Ghlac Scoil Mhín Doire, Scoil Chaiseal na gCorr, Scoil Ghort an Choirce agus Scoil Mhachaire Uí Rabhartaigh páirt sa scéim agus cuimsíonn na ceithre scoil sin scoilcheantar na mbailte fearainn ar fad atá mar chuid den cheantar taighde anseo. Rinneadh liosta de na mionlogainmneacha a bhí ar fáil i mBailiúchán na Scol de réir baile fearainn.

Tá tábhacht ar leith ag baint le obair páirce nuair atá taighde ar bun ar mhionlogainmneacha go háirithe. Dearbhaítear na mionlogainmneacha atá ar eolas ag an phobal agus na cinn a bhíonn in úsáid acu mar thoradh ar an obair páirce. Is modheolaíocht taighde a bhfuil buntáiste sa bhreis ag baint léi í an obair páirce mar gur féidir roinnt fianaise speisialta a fháil nach bhfaighfí in aon áit eile. Bhí sé i gceist agam seal a chaitheamh i dTír Chonaill le linn mo thaighde don tráchtas agus obair páirce a dhéanamh trí agallaimh a chur ar dhaoine i nGleann Átha le fianaise a fháil i dtaobh na logainmneacha ó bhéal. Leis na hagallaimh bheinn ábalta cur agus cúiteamh a dhéanamh leis na hagallaithe maidir le mionlogainmneacha a bhí bailithe agam cheana féin as na foinsí atá luaite thuas. Bhí mé ag súil a bheith in ann roinnt mionlogainmneacha as Bailiúchán na Scol nach raibh suíomh agam dóibh a lonnú ar léarscáileanna le cuidiú na n-agallaithe chomh maith.

Ar an drochuair, cuireadh mo chuid pleananna ar strae de bharr na paindéime atá i ndiaidh cúrsaí an tsaoil ar fud an domhain a chur as riocht i mbliana agus níorbh fhéidir an obair páirce a dhéanamh dá bharr. Ar feadh an tsamhraidh ní raibh aon rochtain agam ar leabharlann ach oiread, rud a chuir bac ar an méid leabhair agus irisí a raibh teacht agam orthu. Bhí mo mhachnamh le déanamh agam faoin rud gur chóir a dhéanamh agus mhothaigh mé gurbh fhiú an tráchtas seo a chur i gcrích d'ainneoin na deacrachtaí seo. Mheas mé go raibh mo dhóthain ábhair i bhfoinsí a raibh teacht agam orthu arbh fhiú iad a iniúchadh.

Is cinnte nach mbeidh sa tráchtas seo ach cuid den taighde ar chóir a dhéanamh ar mhionlogainmneacha Ghleann Átha ach tá súil agam go gcuideoidh sé leis na

bunchlocha a leagadh síos ionas go bhféadfar tuilleadh oibre a dhéanamh air amach anseo. Más rud é go dtéim féin i dtreo na dochtúireachta amach anseo, bheinn muiníneach go mbeadh mo dhóthain agam chun tráchtas dochtúireachta cuimsitheach a chur i gcrích ar an ábhar seo.

### Mionlogainmneacha

Tugtar an sainmhíniú seo a leanas ar an rud is mionlogainm ann ar shuíomh mheitheal logainm:

Is éard is mionainm ann, i gcomhthéacs an tionscadail seo, ná logainm nach bhfuil ina ainm riaracháin ná ina ionad daonra. Áirítear ainmneacha contaetha, barúntachtaí, paróistí dlí, bailte fearainn, contaetha riaracháin agus toghranna i measc ainmneacha riaracháin na hÉireann. Áirítear ainmneacha cathracha, bailte, sráidbhailte agus sráidainmneacha i measc ionaid daonra na tíre. Is é logainm.ie an acmhainn údarásach maidir le hainmneacha riaracháin na hÉireann. Baineann na mionainmneacha le haicmí eile; ina measc tá ainmneacha gnéithe fisiciúla (e.g. lochanna, aibhneacha, bána, cinn tíre, oileáin, sléibhte, cnoic), agus ainmneacha gnéithe saorga (e.g. liosanna, séipéil, mainistreacha, reiligí, droichid, crosbhóithre) (Fiontar & Scoil na Gaeilge, 2020).

Áfach, tá mionainm amháin sa cheantar taighde seo atá luaite cheana féin ar mionlogainm é de réir coinníollacha *Meitheal Logainm*, ach nach mionlogainm ar chor ar bith é i bhfírinne; an Earagail. Cé nach ainm riaracháin é is ainm agus áit a bhfuil clú agus cáil uirthi mar gheall ar an chuma sainsiúil atá uirthi agus ar a airde atá sí. Is í an bhinn is airde in Iarthuaisceart na hÉireann ar fad agus níl sliabh chomh hard léi go dtí go mbaintear na Beanna Boirche amach ar an chósta thoir in Ultaibh nó go dtí go mbaintear Sléibhte Chnoc Maol Réidh amach ó dheas i ndeisceart Mhaigh Eo. Seasann an Earagail mar chomhartha sóirt ar son Ghaeltacht Thír Chonaill ar fad agus feictear uirthi mar ‘íocón tíreolaíochta’ don cheantar (Mac Laughlin, 2002: 38). Ní féidir ‘mionlogainm’ a thabhairt ar an Earagail mar sin.

Thug Éamon Lankford a shainmhíniú féin ar an rud is mionainm ann ina thráchtas dochtúireachta ar mhionlogainmneacha ar Oileán Chléire i gCorcaigh. Ba é ‘ainmneacha tírghnéithe aiceanta mar chnoic agus failltreacha agus gnéithe den tírdhreach cultúrtha mar ainmneacha garraithe nó seanchabhlaigh..’ an mhíniú a bhí aige ar an scéal ar mhaithe lena chuid taighde (Lankford, 1995: iii). Seans go bhfeileann sainmhíniú sin don méid a bheidh idir lámha sa taighde seo níos fearr

ná sainmhíniú Mheitheal Logainm, ach is dócha go bhfuil sé dírithe ar ghnéithe sainiúla a bhaineann leis an tírdhreach oileánda.

Is gá sainmhíniú a mholadh ar mhaithe leis an taighde seo atá fóirsteanach den cheantar seo faoi leith agus an tírdhreach a bhaineann leis. Mar sin, díreofar sa tráchtas seo go príomha ar logainmneacha nach ainmneacha riaracháin iad. Cuimseofar ainmneacha gnéithe fisiciúla mar locha, cnoic, srutháin, carraigeacha agus loig. Díreofar ar logainmneacha nach mbaineann le gnéithe fisiciúla chomh maith. Beidh láithreáin seandálaíochta, lonnaíochtaí, foirgnimh agus páirceanna i gceist leis seo.

### Tábhacht na mionlogainmneacha

Is cuid tábhachtach de chultúr na hÉireann iad logainmneacha na tíre, a thugann eolas dúinn faoi stair, tíreolaíocht, cultúr agus oidhreacht na tíre agus faoi ghnéithe maidir le teangacha na tíre. Bíonn ainmneacha riaracháin na hÉireann in úsáid i gcónaí ag muintir an phobail sa saol laethúil agus fiú má bhíonn ainm riaracháin nach mbíonn an méid trácht air ag an ghnáthphobal, baintear úsáid as ag údaráis de chuid an rialtais ar mhaithe leis an fheidhm riaracháin a bhaineann leis.

Ní féidir an rud céanna a rá faoi mhionlogainmneacha mar nach mbíonn siad in úsáid ach amháin ag muintir na háite sin den chuid is mó. Rinne Tim Robinson cur síos tochtmhar ar ghné na leochaileachta a bhaineann le mionlogainmneacha Chonamara agus an chontúirt go gcaillfear iad muna mbaintear úsáid astu:

Without the occasional renewal of memory and regular rehearsal of meaning, place itself founders into shapelessness, and time- the great amnesiac, forgets all (Robinson in *Connemara*, 2020).

Tá leochaileacht na mionlogainmneacha pléite ag W.F.H. Nicolaisen fosta i gcomhthéacs Bhéarlú na logainmneacha Ceilteacha. Pléann sé an tionchar atá ag slite bheatha ar mhionlogainmneacha atá mar chuid den tírdhreach lena mbaineann na slite bheatha sin:

Difficult as the problems raised by the Anglicisation of Celtic place-names may be, they are usually not unsurmountable and can in most cases be solved by the expert scholar

familiar with these changes. A much more serious situation is created by the fact that many place-names are never translated, adapted, replaced, or in any way passed on. They simply die with their users. This is especially true of minor names, frequently only known to a certain group of people. When the shieling system, i.e. the pasturing of cattle on higher ground during the summer months, came to an end in the fairly recent past, many a name depicting small geographical features in the hills must have disappeared with it. Many names of cliffs, little bays, submerged rocks and other coastal features have gone in districts where fishing became unprofitable. Evacuations, too, have had their toll of names; here the Scottish island of St. Kilda and the Irish Blaskets are cases in point (Nicolaisen, 1961: 75).

Is féidir le titim i ndaonra an cheantair tionchar a imirt ar chaomhnú na mionlogainmneacha chomh maith. Tá suntas tugtha ag Lankford don tionchar atá an daonra i gceantar ar bith ar an oiread mionlogainmneacha a bhíonn le fáil sa cheantar sin:

Tá baint nach beag ag daonra le líon na n-áitainmneacha in áit ar bith. Aithneofar áit má thaithíonn daoine í. Tá ainmniú áiteanna in áit ar bith ag braith ar phobal. Dá mhéid daoine is ea is mó, de ghnáth, an gá le hainmneacha breise mar go méadaítear ar na hainmneacha a bhaineann le lonnaíochtaí agus seilbh san áit a mbíonn méadú ar líon na ndaoine (Lankford, 1995: 54).

Ní hé líon na ndaoine amháin a imríonn tionchar ar líon na logainmneacha agus bíonn tionchar ag an tréimhse ama a mbíonn cónaí ag teaghlaigh i gceantair. Dá fhad a bhíonn daoine lonnaithe sa cheantar, is amhlaidh is líonmhaire iad na logainmneacha sa cheantar sin; i.e. má bhíonn cónaí ag teaghlaigh sa cheantar ó ghlúin go glúin bíonn seans níos fearr go gcaomhnófar mionlogainmneacha an cheantair.

Bíonn tábhacht ar leith ag baint le mionlogainmneacha i ngach ceantar chomh maith mar gur minic a bhíonn seanchas agus béaloideas an cheantair fite fuaite leo. Is amhlaidh an scéal a fhaightear i bhfoilseacháin éagsúla atá déanta ar mhionlogainmneacha ar fud na hÉireann. Insíonn na logainmneacha scéal dúinn faoin áit faoi leith lena mbaineann said agus faoin phobal a bhí ina gcónaí ann nuair a chumadh iad.

Tugtar léargas in *Mapping the minor place names of the Cooley Mountains* (2017) ar an chiall a bhaineann le mionlogainmneacha i gceantar Shléibhte Chuaille:

In addition to the townland names... the Cooley Mountains possess a rich stratum of minor place names pertaining to topographic, geological, and archaeological features on the mountains. These minor place names survive in use among the farming communities in Cooley, who use the mountains to pasture animals and to cut turf. Place names are key to understanding how people past and present made meaning in landscape. They are at the heart of local identities and sense of place. They embody a fine-grained knowledge of place gathered by communities who use the mountains. The mountains have been an important place for a long time, and bear the imprint of over five thousand years of human activity, from the great prehistoric cairns of Carnawaddy and Clermont to the relict cultivation ridges and abandoned dwellings of the more recent past. Minor place names constitute a collectively forged mental map of the mountains, identifying landmarks and resources, from grazing grounds to mythically charged places. They indicate the significance of the mountains as grazing lands for cattle, sheep, pigs and geese; for cutting turf; for quarrying stone; for gathering wild plants and hunting animals; as a place of refuge; as a route way; and as a place of gathering and assembly (Campbell & McGuinness, 2015: 13).

Tuigtear ón chur síos seo go bhfuil baint ag an tírdhreach sa cheantar áirithe seo leis na sléibhte go príomha, ach tá gnéithe de stair an cheantair le sonrú iontu chomh maith. Léirítear chomh maith go bhfuil dlúthbhaint idir úsáid na talún agus fad saoil na mionlogainmneacha. Cé nach í an Ghaeilge príomhtheanga laethúil na ndaoine a úsáideann na logainmneacha, maireann siad mar go mbaineann feirmeoirí úsáid as an talamh lena mbaineann siad. Tagraíonn seo ar ais don phointe a rinne Nicolaisen thuas; maireann logainmneacha a fhad is a úsáidtear iad agus is cuma mura dtuigtear iad uaireanta. Ar an lámh eile, is fadhb i bhfad níos géire d'fhad saoil na logainmneacha a mhinic a mbaintear úsáid astu. Is í seo an phríomhchúis go bhfuil tábhacht mhór ag baint le mionlogainmneacha a thaifeadadh.

Tugann litir a scríobh Seán Ó Donnabháin agus é i mbun obair páirce ar logainmneacha i nDún Fionnachaidh léargas ar an nádúr athraitheach a bhaineann le mionlogainmneacha Iarthuaisceart Dhún na nGall:

I am sick to death's door of the names on the coast because the name I get from one is denied to be correct by another of equal intelligence and authority (O'Donovan, 1835).

Tá greann ag baint leis an chur síos a rinneadh anseo ar an dua a bhain le leaganacha údarásacha a fháil do logainmneacha an cheantair seo. Cuireann sé in iúl chomh maith gur dtiocfadh le hathrú teacht ar mhionlogainmneacha in aon ceantar beag amháin go fuarasta agus go minic.

## CAIBIDIL 1: CÚLRA

### An Ceantar Taighde

Tá an ceantar taighde suite sa choirnéal is faide siar ó thuaidh d'oileán na hÉireann i gCloich Chionnaola sa mhórchéantar Ghaeltachta ar a dtugtar 'na trí paróistí' air. Is iad na ceantair atá i gceist anseo ná ceantar na Rosann, Ghaioth Dobhair agus Chloich Chionnaola, a chuimsíonn an mhórchuid den Ghaeltacht i gContae Dhún na nGall. Tá an ceantar seo scoite amach go fisiciúil ón chuid eile den chontae mar go gcruthaíonn Sléibhte Dhoire Bheatha teorann nádúrtha idir an ceantar seo agus an taobh eile dóibh in Oirthear an Chontae a bhfuil talamh níos arúla le fáil ann. Cuirtear 'An Lagán' ar an chuid eile den chontae ag daoine de bhunadh Iarthar an chontae go ginearálta (Ó Laoire, 1993: 15).

Tá dhá limistéar caomhantais speisialta sa cheantar; Bá Bhaile an Easa a bhfuil cáilíochtaí faoi leith ag baint leis na réileáin láibe agus na dumhcha ann, agus Limistéar Caomhantais Speisialta Loch na Cuinge a bhaineann leis an phortach a fhaightear ann agus tá go leor den limistéar suite i mbaile fearainn Shliabh na Bealtaine. Tá cuid de limistéar oidhreachta nádúrtha amháin le fáil sa cheantar fosta ar a dtugtar Limistéar Oidhreachta Nádúrtha na Corrmhíne air. Tá sé suite thart ar Loch Lacha agus a fhaigheann an stádas seo mar gheall ar an talamh portaigh a fhaightear ann (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2007).

Maíonn Kieran Hickey go bhfuil aeráid ar leith ag Contae Dhún na nGall atá múnlaíthe ag a thírdhreach agus a shuíomh ar an chósta Atlantach. Bíonn aeráid mheasartha le fáil i nDún na nGall de ghnáth, ach faightear stoirmeacha le gaoithe móra agus méideanna fearthainne ann nach bhfaightear chomh minic sin sa chuid eile den tír. Múnlaíonn an aeráid seo na daoine a bhfuil cónaí orthu sa chontae agus is minic a deirtear gur 'hardy people' iad muintir Dhún na nGall (Hickey, 2013: 57).

## Stair an Cheantair

Meastar gur lonnaigh daoine den chéad uair sa cheantar thart ar Bhá Bhaile an Easa idir na blianta 5000-4000 RCh agus tá iarsmaí le fáil den lonnaíocht i dtréimhsí staire éagsúla ó shin i leith (McLaughlin, 2002: 15). Tá samplaí de shuíomhanna Neoiliteacha le fáil ar an Chaoldroim Íochtarach agus tá tuama ursanach Neoiliteach le fáil ar an Ardaidh Bheag chomh maith a léiríonn lonnaíocht na tréimhse sin i nGleann Átha (Lacey, 2012: 101-103).

Sna Meánaoiseanna cé nach cosúil go raibh cónaí ag daoine ar an talamh seasc a fhaightear idir Gaoth Dobhar agus na Rosa, is cinnte gur lonnaigh daoine i nGleann Átha; áit a bhfuil talamh níos arúla le fáil ann ná na ceantair thiar. Dearbhaítear an méid seo de bharr na láithreán atá scaipthe ar fud an cheantair agus tá sé maíte ag Brian Lacey go raibh cónaí ag daoine san áit go cinnte idir na blianta c. AD 500-1100 (Lacey, 2012: 116). Ba le treibh ar a dtugtar an *Síl Lugdach* orthu Ceantar Ghleann Átha dar leis; ag tosú ag bun na hEaragaile agus ag dul chomh fada le Bá Bhaile an Easa, arb ionann é agus an limistéar atá i gceist sa taighde seo. Mionríocht de chuid na treibhe sin a bhí i nGleann Átha.

The original territory of the Síl Lugdach, therefore, was probably confined initially to the more fertile, wider Gort a'Choirce area, probably stretching south along Gleann Átha, the Glenna river valley.. as far south as Loch Dhúin Lúiche.. (Lacey, 2008: 85).

Tá tionchar a bhí ag an ghrúpa seo sa cheantar le bráth go láidir sa scéal a insítear faoin dóigh gur tháinig an logainm 'Cloich Cheann Fhaola' ar an dúiche, ar scéal é atá fite fuaite le miotaseolaíocht na háite:

According to Mac Giolla Easpaig, the name Cloghaneely- Cloch ['stone of'] Cenn Fáelad- is probably of a comparatively early date (1995, 161). A local folktale (which has elements similar to the well-known mythological tale, the Second Battle of Mag Tuired) explains that Balor, the giant king of Tory, stole the prize cow, Glas Gaibhleann, from Mac Cionn Fhaolaidh [Cenn Fáelad], the chieftain of the area. The latter decided to kill Balor but was told by his druids that it was only the giant's grandson who could do that. Conscious of this taboo, Balor kept his daughter Eithne a prisoner but Mac Cionn Fhaolaidh managed to get to her and leave her pregnant. She gave birth to four sons, three of whom were drowned on Balor's order but one, Lug, survived. Balor, now furious with Mac Cionn Fhaolaidh, crossed to the mainland and killed the later. The red stain of his blood can still be seen in a famous stone- Cloch Cheann Fhaolaidh (Lacey, 2008: 91)



Tá fréamhacha na Críostaíochta sa cheantar le bráth i seanchas na háite maidir le bunú na láithreacha naofa ar Oileán Thoraí, ar Oileán Dúiche, sa Ráith agus i dTulacha Beigile. Sa scéal seo, deirtear go raibh díospóireacht idir Naomh Cholm Cille, Naomh Fionán, Naomh Beaglaoch agus Naomh Dubhthach maidir le cé acu a dtabharfadh an Chríostaíocht go hOileán Thoraí. Sheas siad ar bharr Chnoc na Naomh i Machaire Uí Rabhartaigh agus cros amháin i seilbh acu ar fad. Chinn siad go gcaithfeadh siad a gcros i dtreo Thoraí agus go mbeidh an bua ag an té a gcaitheann a chros chomh fada leis an oileán. Dúirt na triúr naomh Fionán, Beaglaoch agus Dubhthach ‘Rachaidh mo chroisín go Toraigh, le cuidiú Dé’ sular chaith siad a gcros, ach dúirt Colm Cille ‘Le cuidiú Dé, rachaidh mo chroisín go Toraigh’. Bhí an lá ag Colm Chille mar gur chuir sé Dia ar dtús, agus thug sé an Chríostaíocht go Toraigh. Thit Cros Bheaglaioich i dTulacha Beigile, thit Cros Fhionáin taobh amuigh den Fhál Carrach agus thit Cros Dhubhthaigh ar Oileán Dúiche. Bhunaigh na Naoimh ar fad eaglaisí sna háiteanna ar thit a gcrosa (Mac Gabhann, 1997: 15). Maireann iarsma de na naoimh seo gar do Ghleann Átha mar gheall ar an chros atá le fáil i dTeach phobail Ráithe ar an Fhál Carrach, a gcuirtear *Cros Cholm Cille* air agus a tógadh thart ar 800 AD agus arb í an chros cloiche is airde in Éirinn. Creidtear gur Naomh Fionán a thóg an Séipéal ar an láthair (Lacey, 2016: 49).

Tá an t-ainm Gleann Átha féin sean go leor i gcomparáid le cuid de na hainmneacha a fhaightear i dTír Chonaill agus tá taifeadadh le fáil den ainm chomh luath the 1654 sa tSuirbhé Sibhialta, an taifead d'úinéireacht talún san áit a tiomsaíodh idir 1654 agus 1656. Tugtar nod in ainm na habhainn Gleann *Átha* gurbh áit a raibh tábhacht ar leith ag baint léi í Gleann Átha mar chrosbhóthar idir dhá cheantar agus mar láthair straitéiseach chomh maith. Bhí an mórcheantar ar fad ón Fhál Carrach siar go hAbhainn Chroithí ar theorainn na Rosann mar chuid de Pharóiste Thulacha Beigile Thiar tráth. Ní raibh ach reilig amháin sa pharóiste go dtí lár an 18ú haois. Nuair a bhfaigheadh duine bás i nGaoth Dobhair, bhíodh orthu na coirp a iompair trasna chnoc Thaobh an Leithid agus trasna Abhainn Ghleann Átha go dtí an reilig a bhí suite in aice an Fháil

Charraigh. Chuirtear ‘turas na Seacht Leachta’ ar an aistear, a bhfuil cur síos déanta ag Dónall P. Ó Baoill ar an dóigh gur tháinig an t-ainm sin air:

Ar an bhealach fhada sin as Gaoth Dobhair trasna Thaobh a Leithéad tá seacht gcarnán cloch agus gach uile uair a théadh tórramh an bealach chuireadh siad cloch eile ar na carnáin. Mar seo a deirtear toisíodh ar tús ag déanamh na gcarnán (Ó Baoill, 1986: 60).

Ghlacadh na daoine sos ag an pointe sin den turas. Maireann cuimhne ar an thuras na Seacht Leachta sa logainm *Malaidh na Seacht Leacht*, atá ar an chnoc a sheasann siar ó Charn Traonach, díreach ar an taobh ó dheas de Thaobh an Leithid.

### An Gorta

Níor tháinig barúntacht Bhaollach nó barúntacht Chill Mhic Réanáin chomh holc as an Ghorta ná mar a tháinig codanna eile den chontae (Beattie, 2013: 228). Bhí ról ag rudaí éagsúla a choinnigh na daoine sa cheantar seo níos sábháilte ná daoine in áiteanna eile. Bhí an áit scoite amach ó áiteanna eile go fisiciúil mar gheall ar an teorainn nádúrtha a chruthaíonn Sléibhte Dhoire Bheatha, bhí daoine san áit ábalta obair shéasúrach a fháil ar an Lagán agus níos faide i gcéin agus bhí neamhspleáchas ag na ndaoine sa cheantar ó cheantair eile (Ní Dhroighneáin, 2016: 1).

As an dá mhilliún sa tír a chuaigh ar imirce de bharr an Ghorta, níor fhág ach 2,097 contae Dhún na nGall ar an iomlán i rith na tréimhse sin. Anuas air sin, ní bhfuair ach líon beag daoine bás sa chontae i gcomparáid leis an tír ar fad; 36,330 as níos mó na milliún a d’imigh ar shlí na fírinne ar fud na hÉireann de dheasca an Ghorta (Conaghan, 1997: 248). Thug na tiarnaí talún sa cheantar cuidiú daonnúil do na daoine a bhí thíos leis mar gheall ar an Ghorta. Bhí ról chomh maith ag na mianaigh luaidhe a bhí suite ar an Chaoldroim Uachtarach mar fhoinsé fostaíochta do dhaoine sa cheantar ag an am (Ó Laoire, 2000: 81).

Áfach, ní hé sin a rá nach raibh impleachtaí suntasacha ag an Ghorta ar cheantar Iarthuaisceart Thír Chonaill. B’fhéidir go raibh impleachtaí an ghorta sa cheantar le mothú ar an bhealach ba shuntasá i gcomhthéacs na heisirce ón am sin i léith. Idir na blianta 1847-1857, tháinig laghdú 52% ar dhaonra Chontae Dhún na

nGall agus ba é an imirce an chúis ba mhó taobh thiar den titim ollmhór seo (Fitzpatrick, 1995: 189). Bhí muintir an Iarthuaiscirt ag maireachtáil ón lámh go dtí an béal ag an am seo. Tugann cuntas ó Patrick M'Kye, *Lord Lieutenant of Ireland* atá le fáil in *Facts from Gweedore* léargas ar bhochtaineacht mhuintir Ghleann Átha sa 19ú haois:

That the parishoners of this parish of Tullaghobegley.. are in the most needy, hungry and naked condition of any people that ever came within the precincts of my knowledge, although I have travelled a part of nine counties in Ireland, also a part of England and of Scotland, together with a part of British America.. and never witnessed the tenth part of such hunger, hardships and nakedness. (M'Kye, 1854, in Mac Laughlin agus Beattie, 2013: 224).

### Aighneas talún

Níorbh fhada i ndiaidh an ghorta gur tharraing tiarnaí talún an cheantair drochainm orthu féin nuair a thosaigh siad ag tabhairt aoirí Albanacha isteach chun airgead níos fearr a dhéanamh as a gcuid talún (Ó Laoire, 2000: 83). Leoga, tharla ceann de na heachtraí ba mhó agus ba cháiliúla maidir le heasaontas talún in Éirinn sa 19ú haois i nGleann Bheatha, nach bhfuil i bhfad ó Ghleann Átha. Tugtar 'díshealbhaithe Dhoire Bheatha' ar an eachtra agus tháinig sé mar thoradh ar dhúnmharú a tharla do stíobhard an tiarna talún i 1860. Is cosúil gur dúnmharaíodh an stíobhard mar dhíoltas ar an achrann a bhí idir na tionóntaí agus an tiarna. Seo mar a chuir W.E. Vaughan síos ar an eachtra:

On the morning of Monday, 8 April 1861, the sub-sheriff of the County Donegal, Samuel Crookshank, accompanied by a special force of 200 constables, proceeded along the rough, unfinished road that stretched along the north-western shore of Lough Gartan to Lough Barra in the west, evicting from their houses and lands the 47 families who lived in Derryveagh. By 10 April the work was finished: 244 persons, comprising 85 adults and 159 children, were evicted; 28 houses unroofed or levelled; 11,602 acres of virtually barren land cleared of human habitation. The desolation was only slightly mitigated by the restoration of about a fifth of those evicted as caretakers of their former holdings (Vaughan, 1983: 11).

Fágadh na tionóntaí ar an trá fholamh agus chuaigh go leor acu go Teach na mBocht a bhí i nDún Fionnachaidh. Thug an sagart paróiste i gCloich Chionnaola cuidiú do roinnt de na daoine chomh maith (Ó Laoire, 2000: 83).

Insítear scéal i gcuntas amháin faoi thiarna ar leis an talamh ar an Ardraidh Mhór a raibh 'Irvine' air. Is cosúil go raibh sé an-ghéar ar a chuid tionóntaí nuair nár íoc

siad an cíos. Uair amháin chuir sé seanbhean de chlann Uí Dhubhgáin amach as a teach nuair nár íoc sí a cíos, agus fuair sí bás taobh amuigh an oíche sin. Cuireadh go leor daoine amach ó thalamh Irvine agus fuair go leor acu tearmann thuas ar an Bhealtaine, áit a rinne siad bothóga beaga daoibh féin. Bhí Irvine crua ar dhaoine dá mbeadh siad ag déanamh poitín ar a chuid talún chomh maith; dá mbéarfaí ar dhuine ar bith agus poitín á dhéanamh acu, thógfadh sé a gcuid eallaigh agus a gcuid caorach. Chuirfí isteach sa phóna a bhí ar an Fhál Carrach iad go dtí go ndíolfadh an duine an fhíneáil (Ó hEarcáin, 2006).

Bhí tiarna eile ar a raibh ‘an tAlfartach’ a bhí fíorchrua ar a chuid tionóntaí fosta. Bhí go leor díshealbhuithe sa pharóiste in Aibreán 1889 agus bhí an Ardaidh Mhór ar cheann de na háiteanna ar cuireadh tionóntaí amach as a gcuid tithe. Dar le Seán Ó Connacháin bhí an tAlfartach ar cheann de na tiarnaí ba mheasa sa tír ar fad, ‘bhí níos mó tionóntaí curtha as seilbh ag an Alfartach, ná mar a bhí ag Tiarna Talaimh ar bith eile sa tír’ (Ó Connacháin, 2000, lch 68).

Maidir le Cogadh na Talún sa cheantar, faightear tuairisc i gcuntas eile nach raibh ‘muintir Chloich Cheannfhaola ar deireadh ins a’ troid’ ar an dóigh chéanna is a bhí áiteanna eile sa tír. É sin ráite, dúradh gur cuireadh amach formhór mhuintir an pharóiste as a gcuid tithe sa bhliain 1889, agus gurbh éigean dóibh bothóga a thógáil le dídean a chur os a gcinn. Tógadh ‘dosaen’ acu ar an Bhealtaine i measc áiteanna eile (Scoil Ghort an Choirce | Bailiúchán na Scol, 1937-1938).

### **Lonnaíocht i nGleann Átha**

Roimh aimsir na dtiarnaí talún, cleachtadh córas na rondála, nó ‘rundale’ mar bhealach leis an talamh feirmeoireachta a riar sa cheantar. Is é an rud atá i gceist leis an chóras ná baile beag a bhfuil scata tithe ann agus ina ndéantar an talamh a roinnt i gceapacha beaga. Ní bhíonn claí nó fál idir na ceapacha agus roinntear iad go cothrom idir na daoine sa bhaile sin. Rinneadh uainíocht ar na barra ó cheapach go cheapach. Bhí an córas ceangailte leis an bhuailteachas; cleachtas feirmeoireachta eile lena gcuireadh beostoc thuas chuig féarach sléibhe sna míonna ba shéimhe den bhliain agus rachadh buachaillí agus cailíní óga leo.

Tógadh botháin ar na cnoic, áit a gcónaíodh na daoine a bhí ag tabhairt aire don bheostoc iontu i rith shéasúr an bhuaillteachais.

Bhí an ghráin ag na tiarnaí ar an chóras mar gur shíl siad nárbh é an bealach ba tháirgiúla le húsáid a bhaint as an talamh. Dúirt an tiarna George Hill, a bhí mar thiarnaí i gCeantar Ghaoth Dobhair gur ‘wretched system’ a bhí ann (Hill, 1854, in Mac Laughlin, 2002: 157). É sin ráite, dúradh ar an chlár *Facts about 'Facts from Gweedore'* gur chóras sofaisticiúil a bhí ann i bhfírinne a forbraíodh i ndiaidh na céadta bliain d’fheirmeoireacht ar tírdhreach atá fíorchrúa. Modh maireachtála iontach cothromaíoch a bhí ann a d’fhág na daoine neamhspleách ó aon rud eile, ar féidir ‘geilleagar babhtála’ a thabhairt air. Bhí ‘talamh bó’ agus ‘talamh leath-bhó’ mar aonaid acu leis an talamh a riar, arbh ionann ‘talamh bó’ agus an méid talamh a bhí de dhíth chun bó amháin a choinneáil (RTÉ Raidió 1, 2016). D’athraigh na tiarnaí an tírdhreach de réir a chéile agus b’fhearr leo gabháltais dá gcuid féin a thabhairt do na tionóntaí. Mar thoradh air seo tháinig athrú idé-eolaíochta ar chleachtas feirmeoireachta na háite ó chothromaíochas chóras na rondála go hindibhidiúlachas eacnamaíochta an duine aonair.

Mhair an córas níos mó i gceantar Ghaoth Dobhair agus Chloich Chionnaola ná mar a mhair i gceantair eile mar gur chuir na tionóntaí san Iarthuaisceart in éadan beartas nua na dtiarnaí é a bhriseadh suas ar bhealach ní ba chrua (Anderson, 2013: 187). Maireann iarsmaí den chóras i nGleann Átha sa bhaile beag ar a dtugtar *Mín na Craoibhe* air agus a bhfuil plé déanta ar struchtúr na rondála ann ag E. Estyn Evans:

Meenacreevagh, in the townland of Beltany Mountain... occupies a shallow basin in the mica-schists, fringed by ridges of hornblende and metamorphosed limestone. The houses and arable plots lie between 400 ft. and 500 ft., but the mountain pastures rise on the east to 1,000 ft. on the northern spur of Errigal. Peat bogs cover the slopes and surround the settlement, and most of the arable land has been reclaimed from peat. The cultivated plots are marked off by balks or “mearings,” varying in width from one to three yards, the wider ones being two or three feet high and serving as tracks which the creel-horse uses when the fields are too soft. There are no fences either between fields or around the cultivated area. The farm-land amounts to 38 acres, divided among six holders, but so much of this is taken up with tracks, mearings, waste patches and dwellings that each occupant possesses no more than from three to five acres of actual arable land (Evans, 1939: 30).

Is coitianta an lonnáiocht scaipthe sa lá atá inniu ann, agus tá tithe Ghleann Átha scartha amach óna chéile go ginearálta. Fós féin, faightear go leor fo-bhailte sa cheantar a bhfuil scata tithe le fáil iontu agus is é Gort an Choirce príomhbhaile an cheantair.

### **An Ghaeilge i nGleann Átha**

Tá fianaise le fáil gurb í an Ghaeilge príomhtheanga Ghleann Átha go dtí an lá inniu. Titeann ceantar Ghleann Átha ar fad faoi chatagóir A sa taighde a rinneadh in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i nGaillimh maidir le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, arb é an catagóir is airde ó thaobh labhairt na Gaeilge de. Is é an rud atá i gceist le ceantair a thiteann faoi chatagóir A, ná go labhraíonn níos mó ná 67 faoin gcéad den daonra atá os cionn trí bliana d'aois Gaeilge go laethúil. Fuarthas amach go mbíonn an Ghaeilge in úsáid go forleathan sa cheantar agus is seasmhach úsáid na Gaeilge iontu ach amháin in iompraíocht na ndaoine óga (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge & National Institute for Regional and Spatial Analysis, 2007: 13). Roinneadh an tír i dtoghranna don staidéar seo agus tá seacht mbaile fearainn i gceantar Ghleann Átha mar chuid de thoghroinn Ghort an Choirce (An Ardaidh Bheag, An Ardaidh Mhór, Baile na Creige, Caoldroim Íochtarach, Caoldroim Uachtarach, Fána Bhuí agus Gort an Choirce), tá an cúig bhaile fearainn eile mar chuid de Thoghroinn Dhún Lúiche (An Bhealtaine Íochtarach, An Bhealtaine Uachtarach, Caiseal na gCorr, An Caiseal agus Sliabh na Bealtaine).

Léiríodh sa taighde go bhfuil Ceantar Ghleann Átha ar an iomlán ar cheann de na ceantair Gaeltachta is láidre ar fud na hÉireann ó thaobh labhairt na Gaeilge de. Bhí toghroinn Ghort an Choirce ar an deichiú toghroinn ba láidre sa tír agus ba í an dara toghroinn ba láidre i gContae Dhún na nGall ó thaobh labhairt na Gaeilge (Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge & National Institute for Regional and Spatial Analysis, 2007: 18). Dúirt Pádraig Ó Baoighill go bhfuil pobal Ghort an Choirce ar 'phobal Gaeilge chomh láidir agus atá le fáil' (Ó Baoighill, 2000: 315). Ar an taobh eile den scéal, léiríodh sa daonáireamh is déanaí nach labhraíonn ach

46 faoin gcéad den daonra i mBaile Ghort an Choirce Gaeilge ar bhonn laethúil (An Phríomh-oifig Staidrimh, 2011: 6). Más rud é go luíonn an fhírinne áit éigin idir na figiúirí atá ar fáil sa daonáireamh agus na figiúirí a luadh thuas, caithfear a rá gur ceantar measartha láidir í Gleann Átha i dtaobh labhairt na Gaeilge de ar an iomlán.

Ní hionadh ar bith é mar sin gur de bhunadh Ghleann Átha beirt de na pearsana is mó le rá i litríocht na Gaeilge; Micí Mac Gabhann, a bhfuil a scéal féin inste sa dírbheathaisnéis iomráiteach *Rotha Mór an tSaoil (1959)* agus Cathal Ó Searcaigh, atá ar cheann de na filí comhaimseartha is mó le rá sa Ghaeilge agus a bhfuil luí ag roinnt dánta dá chuid le traidisiún an dinnseanchais (Ó Dúill, 1996: 48).

### Coláiste Uladh

Tá Lillis Ó Laoire den bharúil gur cothaíodh seasmhacht na Gaeilge níos fearr i gCeantair Gaeltachta a mbíodh Coláiste Gaeilge lonnaithe iontu ó Ré na hAthbheochana i leith. Is fíor seo do Chloich Chionnaola dar leis, ‘a bhfuil baint ag Coláiste Uladh le seasamh agus seasmhacht na teanga sa cheantar sin’ (Ó Laoire, 2017: 24). Bunaíodh Coláiste Uladh i 1906 ar an Ardaidh Bheag agus aistríodh é go luath ina dhiaidh sin go dtí Halla an Pharóiste i nGort an Choirce sa bhliain 1909. Bhí an coláiste in ainm is a bheith lonnaithe i nGaoth Dobhair an chéad lá riamh, ach socraíodh faoi dheireadh go mbeadh sé i gCloich Chionnaola (Mac Congáil, 2006: 13). Chaith go leor daoine móra le rá seal ar Choláiste Uladh; ceannairí an Éirí Amach Pádraig Mac Piarais, Seosamh Pluincéid agus Ruairí Mac Easmuinn san áireamh. Dúradh gur ‘ardinstitiúid oideachais Ghaeilge an Chúige í agus is cosúil go mbíodh an-rath air (Ó Baoighill, 2000: 314). Bhíothas ag iarraidh go mbeadh Coláiste Uladh mar chuid de ghréasán ina mbeadh Coláistí Gaeilge le fáil i ngach Chúige sa tír agus go mbeadh leanúnachas i gceist eatarthu sa dóigh is gurbh ‘aon eagraíocht náisiúnta amháin’ a bheadh ann (Mac Congáil, 2006: 13).

Dhóigh na Dúchrónaigh an foirgneamh le linn Chogadh na Saoirse, agus atógadh é i 1923 agus bhí sé in úsáid go dtí 1968. Osclaíodh foirgneamh nua i nGort an Choirce i 1968 a bhí in úsáid go dtí 2012 (Ó Laoire, 2000: 87).

### **Eacnamaíocht an Cheantair**

Ó thaobh eacnamaíocht an cheantair de, tá ról lárnach ag an Ghaeilge agus ar an chlú atá ag Iarthuaisceart Thír Chonaill mar Ghaeltacht bheo bhríomhar le hinfheistíocht agus cuairteoirí a mhealladh chuig an cheantar.

Is rud fíorthábhachtach don cheantar iad na coláistí Gaeilge. Tá dhá choláiste suite in aice Ghleann Átha; Coláiste an Phiarsaigh atá suite ag bun na hEaragaile i nDún Lúiche, agus tá Coláiste Mhachaire Uí Rabhartaigh atá suite ar bhóthar an chósta ar an taobh thiar de Bhá Bhaile an Easa. Tá roinnt tithe suite i nGleann Átha féin ina mbíonn scoláirí ag stopadh iontu ag an dá choláiste agus is foinse ioncaim thábhachtach í seo do na mná tí. Tagann mic léinn na Gaeilge as Ollscoil Uladh i nDoire chuig Gort an Choirce le cúrsa a dhéanamh ar bhonn bhliantúil chomh maith.

Tá go leor fo-thionscadail a fheidhmíonn de thairbhe na gcoláistí samhraidh, nó a bhaineann tairbhe as na cuairteoirí a thagann chuig an cheantar. Caitear airgead in áiteanna mar Óstán Loch Altán i nGort an Choirce, sna siopaí ar an bhaile, i dtithe lóistín agus i gnóthaí eile sa cheantar. Baineann na gnóthaí céanna tairbhe as an turasóireacht go ginearálta agus tá earnáil na turasóireachta san áit ag baint buntáiste as bheith suite ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin le blianta beaga anuas.

Tá foinsí eile fostaíochta le fáil sna páirceanna gnó ar an Fhál Carrach agus ar an Bhun Beag agus tá postanna le fáil in earnáil na hiascaireachta fosta. Ar ndóigh tá roinnt daoine fostaithe ag seirbhísí poiblí sa cheantar chomh maith, ach taobh amuigh de seo bíonn ar go leor daoine a bhfuil cónaí orthu sa cheantar taisteal taobh amuigh den cheantar chuig bailte móra ar nós Leitir Ceanainn chun obair a fháil. Seachas sin, bíonn ar go leor daoine dul ar imirce agus bogadh amach ón áit chun beatha a dhéanamh dóibh féin.



## An Imirce in Iarthuaisceart Dhún na nGall

D'fhulaing an ceantar go géar de bharr na himirce leis na glúnta anuas agus is fadhb mhór í don áit go dtí an lá atá inniu ann. Níor thosaigh an imirce sa cheantar go dtí am an Ghorta Mhóir. Roimhe sin bhí muintir an cheantair ábalta an talamh a shaothrú agus a bheith neamhspleách. Tháinig deireadh leis an neamhspleáchas seo i lár na naoú haoise déag, nuair a thosaigh tionchar an gheilleagair thomhaltais sa cheantar agus bhí airgead tirim de dhíth ag na daoine (Ó Laoire, 1993: 16). Ag trácht dó ar an imirce sa cheantar sna caogaidí, dúirt Pádraig Ó Baoighill gurbh í Cloich Chionnaola an paróiste ba mheasa i dtaobh na himirce de:

Tá an imirce ag buaileadh Pharóiste Chloich Cheann Fhaolaidh go holc- an ceann is measa imirce de na paróistí fíor Ghaeltachta. Tá an óige uilig ar shiúl as- níl sa bhaile ach pobal meánaosta agus páistí (Ó Baoighill, 1954: 24).

Tá sé maíte ag Jim Mac Laughlin nach rogha a bhí san eisimirce do na daoine i nDún na nGall ó lár na naoú aoise déag ar aghaidh, ach dianriachtanas nach raibh aon dul as:

Put bluntly, emigration from the county was not so much a voluntary activity, a matter of choice or a cultural tradition- it was a societal imperative that drove whole sections of the county's people abroad since all that confronted them at home was aimless poverty, menial work and low or non-existent wages (Mac Laughlin, 2013b, 264).

### An Lagán:

Tugann formhór na ndaoine sna ceantair Gaeltachta i dTír Chonaill 'an Lagán' ar an cheantar idir oirthear an chontae agus an Ómaigh, chomh fada le Doire. Tá talamh níos arúla le fáil anseo ná Iarthar Dhún na nGall. Tá mionchuntas déanta ar an chaidreamh seo a bhí ann idir Gaeltacht an Iarthuaiscirt agus an Lagán i dtráchtas Eimear Ní Dhroighneáin (*Gnéithe den Imirce Shéasúrach ó Cheantair Ghaeltachta Iarthuaisceart Dhún na nGall ó 1840 – c.1970*, 2016). Ba í seo an chéad áit a théadh na daoine ar imirce shéasúrach agus iad chomh hóg le naoi mbliana d'aois in amanna, mar nach raibh an dara rogha ag tuismitheoirí bochta an Iarthair ach a gcuid páistí a chur ag obair chomh luath agus ab fhéidir. Fostaíodh na daoine mar sclábhaithe ar fheirmeacha an Lagáin agus ba bheag

airgead a fuair siad don obair chrua a rinne siad, ach bhí an t-airgead seo fíorthábhachtach dá dteaghlaigh.

D'fhaigheadh feirmeoirí an Lagáin an deis oibrithe (nó 'spailpíní' mar a thugtaí orthu) a fhostú ag *Aonach an Fhostóidh* a bhíodh ann ag tús an tSamhraidh i mbailte móra Oirthear Dhún na nGall. Bhíodh turas fada acu aniar ar chois leis an aonach a bhaint amach. Chuidigh an an tseirbhís traenach go mór leis na daoine an turas seo a dhéanamh nuair a osclaíodh an líne ó Ailt an Chorráin go Leitir Ceanainn i 1903 agus chuidigh sé leis na daoine cuairt a thabhairt ar an bhaile i rith a seala ar an Lagán fosta (Beattie, 2013: 257). Tá cuntas in *Rotha Mór an tSaoil* ar Aonach an Fhostóidh i Leitir Ceanainn agus ar an lá a chuaigh an príomhcharachtar féin Micí Mac Gabhann lena theaghlach ann chun post a fháil ar an Lagán agus é ina ghasúr óg. Chaitheadh na spailpíní thart ar leathbhliain ann de ghnáth ag obair ar an Lagán. Ba Albanaigh iad go leor de na feirmeoirí thoir, agus bhí deacrachtaí ag na spailpíní mar go raibh bac teanga idir iad agus a gcuid fostóirí. Thiocfaidh leis an saol a bheith an-uaigneach dóibh mar thoradh air seo agus bhí eispéireas na spailpíní ag brath go mór ar chineáltas a bhfostóirí. D'fhulaing cailíní leis an ghnéasaíochas mar nár bhfuair siad ach leath den tuarastal a d'fhaigheadh na buachaillí de gnáth (Beattie, 2013: 257). Éiríonn an scéal níos measa arís nuair a fhaightear amach an drochíde a d'fhulaing na cailíní ar an Lagán:

“Thiocfadh cuid de na cailíní abhaile ina máithreacha tar éis d'fheirmeoir éigin leas a bhaint astu. Thiocfadh na buachaillí abhaile agus cuma na bhfear orthu. Mhúnláigh an Lagán páistí isteach i ndaoine fásta agus gan iontu ach páistí ag deireadh an lae” (Máire Rua Ní Ghallachóir, in Ní Dhroighneáin, 2016).

Is dócha gurb ionann 'leas' sa sliocht thuas agus mí-úsáid gnéis á dhéanamh ag feirmeoirí ar chailíní óga agus iad fágtha ag iompar clainne. Fírinne thragóideach atá curtha in iúl anseo den saol ar an Lagán do roinnt cailíní óga.

Sa bhliain 1880 amháin, bhí níos mó ná 2,000 ag obair ar an Lagán; rud a léiríonn a choitianta is a bhí an imirce shéasúrach chuig an cheantar ag an am (Ó Gráda, 1973: 59). Níor tháinig deireadh ar an imirce shéasúrach ón Iarthuaisceart go dtí an Lagán go dtí lár na haoise seo caite. Bhí Albain go minic ar an chéad céim eile

ar an dréimire ag daoine a chuaigh ar imirce shéasúrach ó Iarthuaisceart Thír Chonaill; obair na bpaistí a bhí sa Lagán agus bhí airgead níos fearr le fáil in Albain (Ó Laoire, 1993: 16).

### Albain

Nuair a shroicheadh daoine cúig nó sé bliana déag amach, bhéarfadh go leor acu aghaidh trasna Mhuir Éireann go hAlbain. Bhíodh orthu an turas a dhéanamh de shiúl na gcos sula raibh an traein ann chuig an chalafort i nDoire agus bád a fháil chuig a gceann scríbe ansin. Is pointe an-suimiúil é go raibh an oiread ráchairt in Iarthuaisceart Thír Chonaill ar na seirbhísí farantóireachta chuig Albain gur stop chomhlachtaí áirithe sna Rosa agus in áiteanna beaga eile ar an chósta i ndiaidh tamaill (Ó Domhnaill, 1952, *Na glúnta Rosannacha*: 63, in Ó Gráda, 1973: 51).

D'oibrigh an chuid is mó de na hÉireannaigh a chuaigh ar imirce shéasúrach go hAlbain ar fheirmeacha móra na hÍsealchríche. Sna hocht déag seascaidí, d'fhaigheadh siad thart ar deich bpunt don séasúr in Albain agus ba thrian d'ioncaim do go leor de na teaghlaigh in Éirinn san am a bhí sa mhéid seo (Ó Gráda, 1973: 55). Ní bhíodh na cúinsí maireachtála a bhí ag na spailpíní Éireannacha in Albain thar moladh beirte. Chuir siad fúthu ar an bhealach ba shaoire is a bhí ar fáil dóibh chun oiread airgead (suas le 90% dar le Ní Dhroighneáin) agus ab fhéidir a shábháil dá dteaghlaigh sa bhaile; 'Bhíodh coinníollacha maireachtála agus lóistín bunúsach ag imircigh Éireannacha. Bhíodh botháin bheaga ag na fir, go háirithe, déanta de bhrící nó d'adhmaid' (Ní Dhroighneáin, 2016). Léiríonn tragóid amháin a tharla in 1937 an chontúirt a bhain leis an lóistín a bhí acu; *The Kirkintilloch disaster*, ina bhfuair deichniúr fear as Oileán Acla bás go tragóideach nuair a chuaigh a lóistín trí thine.

Maireann an ceangal idir Iarthuaisceart Thír Chonaill agus Albain ar go leor bealaigh. Ní théann eitiltí ó Aerfort Dhún na nGall aon áit thar saille ach amháin go Glaschú, is féidir bus ó fháil ó chroílár Ghaeltacht Thír Chonaill go Glaschú agus bhí clár teilifíse ar TG4 ar na mallaibh, *Bus Ghlaschú*, a thugann léargas ar dhaoine a bhí ar thurais bus go Glaschú ó Thír Chonaill ó na seascaidí i leith.

Ní dheachaigh daoine as Dún na nGall go hAlbain ar imirce shéasúrach amháin, cé gur nós coitianta a bhí ann. Tá an imirce bhuan léirithe sna figiúirí ón daonra; in 1841 roimh an Ghorta, bhí 296,448 ina gcónaí sa chontae agus thit sé 62.6 faoin gcéad go 185,636 leathchéad ina dhiaidh sin (Freeman, 1937: 32). Tá leacht cuimhneacháin a bhfuil clú agus cáil air i bParóiste Chloich Chionnaola suite cúpla míle ó Ghleann Átha ar léiriú é ar thionchar brónach na himirce sa cheantar. Tá sé suite in aice Dhroichead na nDeor, an áit a d'fhágfadh daoine ón cheantar slán lena dteaghlaigh sula ndeachaigh siad ar aghaidh go Doire leis an bád a fháil thar sáile. Tá an inscríbhinn 'Fhad le seo a thagadh cairde agus lucht gaoil an té a bhí ag imeacht chun na Coigríche, b'anseo an scaradh, seo Droichead na nDeor' le fáil ar an leacht (Falcarragh.ie, 2020).

## CAIBIDIL 2: LIOSTÁIL MHIONLOGAINMNEACHA GHLEANN ÁTHA

Sa chaibidil seo, déanfar mionlogainmneacha Cheantar Ghleann Átha a liostú de réir baile fearainn agus tabharfar aon eolas breise maidir leo. Mar atá pléite cheana, ní bheidh anseo ach cuid den eolas a bhaineann le mionlogainmneacha an cheantair seo a raibh sé d'acmhainn agam é a chur le chéile.

Déanfar na mionlogainmneacha a liostú de réir baile fearainn ar an ord céanna atá déanta faoi scóip an tráchtais, ag tosú sa taobh ó dheas de Cheantar Ghleann Átha agus ag gluaiseacht ó thuaidh go dtí an áit a mbuaileann Abhainn Ghleann Átha le Bá Bhaile an Easa. Cuirfear uimhir le gach logainm ó uimhir a haon ar aghaidh, cuirfear in ord aibítire iad agus cuirfear aon eolas breise faoi na logainmeacha mar nóta fúthu. Cuirfear an fhoinse óna bhfuarthas an logainm nó leagan(acha) den logainm san áireamh in aice leis idir lúibíní.

I dtaobh leaganacha éagsúla de na logainmneacha de, is é an sprioc atá leis an taighde seo ná scrúdú agus iniúchadh a dhéanamh ar mhionlogainmneacha *Gaeilge* an cheantair agus mar sin ní bhacfar le hainmneacha Béarla ach amháin má bhíonn suntas ar leith ag baint leo. Is iontach iad na léarscáileanna stairiúla mar fhoinse sa dóigh is go dtugtar suíomh na n-ainmneacha go beacht in iúl iontu. Is é an míbhuntáiste a bhaineann leo ná gur leaganacha Béarlaithe de na logainmneacha amháin a fhaightear iontu. Mar sin, lorgaíodh leaganacha *Gaeilge* de na logainmneacha agus cuireadh isteach na leaganacha *Gaeilge* nuair ab fhéidir agus rinneadh leaganacha caighdeánacha a mholadh nuair nach bhfuarthas leagan *Gaeilge* i bhfoinse ar bith.

Maidir leis na logainmneacha a bhfuarthas i mBailiúchán na Scol, is minic a bhíonn meancóga iontu nó a bhfuil litriú neamhchaighdeánach ag baint leo. I gcásanna mar seo, cloífead go beacht leis an litriú a fhaightear i mBailiúchán na Scol. Más rud é go bhfuil litrithe éagsúla ag faisnéiseoirí éagsúla, cloífead leis an litriú is cirte. Nuair nach soiléir cad atá i gceist leis na míreanna, déanfar tuairim mheáite faoi agus cuirfear nóta isteach maidir leis an litriú caighdeánach a bheadh i gceist iontu.

Ar mhaithe le dearadh atá éifeachtach ó thaobh spáis de a choinneáil ar an saothar seo, déanfar giorrúcháin ar na foinsí óna bhfuarthas na logainmneacha sa chaibidil seo. Chomh maith leis sin, cuirfear cineál an logainm idir lúibíní thíos faoin logainm. Bainfear úsáid as na lipéid seo a leanas; ‘talamh ard’, ‘talamh íseal’, ‘carraig’, ‘foinse uisce’, ‘timpeallacht thógtha’, ‘geadán talún’ agus ‘láithreán seandálaíochta’. Cuideoidh na lipéid seo le tuiscint a fháil ar rangú na míreanna a fhaightear sna logainmneacha, a pléifear i gCaibidil 3. Tá na lipéid tábhachtach sa dóigh is go léiríonn siad an ghné lena mbaineann an logainm.

### **Giorrúcháin**

#### Léarscáileanna:

Léarscáil Cassini 6” de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis: CA

Léarscáil 25” de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis: OS 25”

Léarscáil 6” de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis: OS 6”

#### Faisnéiseoirí ó Bhailiúchán na Scol:

Séamus Ó Baoighill, Mín na bPoll (bf: Sliabh na Bealtaine), Scoil Mhín Doire: S.ÓB

Seosamh Mac Suibhne, Fána Bhuí, Scoil Chaiseal na gCorr: S.MacS

Maighread Nic Suibhne, Fána Bhuí, Scoil Chaiseal na gCorr: M.NicS

Sighle Ní Ghallchobhair, Caoldroim Uachtarach, Scoil Chaiseal na gCorr: S.NíG

Anna Ní Ghallcobhair, Caiseal na gCorr, Scoil Chaiseal na gCorr: A.NíG

Máire Ní Choileáin, Caiseal na gCorr, Scoil Chaiseal na gCorr: M.NíC

Máire Ní Reannacháin, Caiseal na gCorr, Scoil Chaiseal na gCorr: M.NíR

Aodh Ó Gallchobhair, Mín Átha Bhuí (bf: Caiseal na gCorr), Scoil Chaiseal na gCorr: A.ÓG

Eoghan Ó hÉarcain, Caiseal na gCorr, Scoil Chaiseal na gCorr: E.ÓhE

Mícheál Ó Gallchobhair, Caiseal na gCorr, Scoil Chaiseal na gCorr: M.ÓG

Brighid Ní Dhubhthaigh, an Bhealtaine Íochtarach, Scoil Chaiseal na gCorr: B.NíD

Caitlín Ní Dhubhthaigh, an Bhealtaine Íochtarach, Scoil Chaiseal na gCorr: C.NíD

Gráinne Ní Ghallchobhair, an Bhealtaine Íochtarach, Scoil Chaiseal na gCorr:  
G.NíG

Anna Ní Ghallchobhair, Baile na Creige, Scoil Mhín Doire: A.NíGh

Peadar Ó Briain, an Ardaidh Bheag, Scoil Machaire Uí Rabhartaigh: P.ÓB

Meadhb Ní Fheanadaigh, Gort an Choirce, Scoil Ghort an Choirce: M.NíF

Foinsí eile:

AN tORDÚ LOGAINMNEACHA (CEANTAIR GHAELTACHTA) 2011: Ordú 2011

Lillis Ó Laoire, Ollscoil na hÉireann Gaillimh: L.ÓL

Niall Ó Dubhthaigh, in Ó hEochaidh (1943): N.ÓD

## Sliabh na Bealtaine

1. Carn na mBolg (CA, Ordú 2011)

(Láithreán seandálaíochta)

2. an Dúnán (CA, Ordú 2011)

Ráth atá suite i lár an bhaile fearainn seo, díreach ar an taobh ó dheas de *Mín na Craoibhe*. “Marked ‘Doon’ on the third edition of the OS six inch sheet, the site is listed as an ‘earthwork’ in the List of Recorded Monuments. Its position on the lower northwest slopes of Mount Errigal, overlooking the present main road from the Rosses and Gweedore to Gort an Choirce through Gleann Átha (along what was almost certainly an ancient routeway), might suggest that it originally functioned as a monitoring post, commanding an important strategic communications line. Its name is suggestive of use in late prehistoric or early medieval times and might be connected in some way with the name of the nearby Dunlewey (Dún Lúiche) area (Lacey, 2012: 97).

(Láithreán seandálaíochta)

3. Loch na Craoibhe (CA, OS 6”)

Is dócha go bhfaigheann an loch seo a ainm mar go bhfuil sé suite ar an taobh thiar theas de *Mín na Craoibhe*, nó an bealach eile thart go bhfuair *Mín na Craoibhe* a ainm mar gheall ar an loch. Tá an loch féin scoilte idir dhá bhaile fearainn; tá an chuid thoir suite i Sliabh na Bealtaine agus tá an chuid thiar suite i bhFána Bhuí. (Foinse Uisce)

4. Mín na Craoibhe (CA, OS 6”, Ordú 2011)

Fo-bhaile atá suite ag bun na hEaragaile ar an taobh thiar. Tugtar ‘Cannontown’ air inniu i modh grinn mar gheall ar go bhfuil go leor de mhuintir Chanainn ina gcónaí ann. (Timpeallacht thógtha)

5. Mín na Craoibhe (CA, OS 6”)

Faightear dhá *Mín na Craoibhe* ar na léarscáileanna. Is dócha gurb é seo an mhír féin agus é suite díreach ar an taobh ó dheas den bhaile beag den ainm céanna. Is dóichí ná a mhalairt chomh maith gur



baistíodh an t-ainm ar an mhír seo ar dtús agus gur cuireadh an t-ainm céanna ar an bhaile atá in aice leis dá bharr. (Talamh ard)

6. Mín na bPoll (CA, OS 6", Ordú 2011)

Fo-bhaile eile ag taobh thiar na hEaragaile atá suite níos faide ó dheas ná *Mín na Craoibhe*. (Timpeallacht thógtha)

7. Páirc Chró an tSaighdiúr (S.ÓB)

"Bhí cró ag saighdiúr a bhí ar a thóir fad ó shion annseo" (Scoil Mhín Doire | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Geadán talún)

8. Páirc an Chlócháin (S.ÓB)

"Tá an páirc seo ag taobh clócháin" (Scoil Mhín Doire | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Geadán talún)

9. Páirc an Gheaftha (S.ÓB)

"Tá geaftha mór ins an pháirc seo" (Scoil Mhín Doire | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Geadán talún)

10. Páirc na Creige (S.ÓB)

"Tá creig mór ins an pháirc seo" (Scoil Mhín Doire | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Geadán talún)

11. Páirc na nDaoine Beaga (S.ÓB)

"Bhí daoine bheaga annseo fhad ó shion" (Scoil Mhín Doire | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Geadán talún)

12. Páirc Loch Beag (S.ÓB)

"Tá an páirc seo ag taobh loch" (Scoil Mhín Doire | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Geadán talún)

### Fána Bhuí

1. Abair Dubh (S.MacS)

(Geadán talún)

2. Abair Ruadh (S.MacS)

(Geadán talún)

3. Abair na Geasann (S.MacS, M.NicS)

Seans gur *Abair na nGeasáin* atá i gceist anseo arb é ‘geasán’ (a chiallíonn ‘minnow’) atá mar cháilitheoir (Ó Dónaill, 1992: 626).  
(Geadán talún)

4. Árd Dhomhaill Néid (S.MacS)

(Talamh ard)

5. Árd Fada (S.MacS)

(Talamh ard)

6. Árd Fheidhlimidh (S.MacS)

(Talamh ard)

7. Árd Mór (M.NicS, S.MacS)

(Talamh ard)

8. Árd Reamhar (S.MacS)

(Talamh ard)

9. Árd Ruadh (M.NicS, S.MacS)

(Talamh ard)

10. Árd Sgoiltidh (S.MacS)

(Talamh ard)

11. Árd an Dúinín (S.MacS)

(Talamh ard)

12. Árd an tSómuis (S.MacS)

(Talamh ard)

13. Árd na h-Áithe (S.MacS)

(Talamh ard)

14. Árd na Druibhleóg (M.NicS, S.MacS)

(Talamh ard)

15. Árd na Mochóg (S.MacS)

(Talamh ard)

16. Árd na Néinsean (S.MacS)

(Talamh ard)

17. Árd na Seamar (M.NicS, S.MacS)

(Talamh ard)

18. Árd na dTeicead (M.NicS, S.MacS)

(Talamh ard)

19. Árd na mBainsear (S.MacS)

(Talamh ard)

20. an Aill (M.NicS)

(Geadán talún)

21. Ball Bán (S.MacS)

(Geadán talún)

22. Beinn na Fainneoige (S.MacS)

Is dócha gur *binn* atá i gceist leis an chéad mhír anseo ach ní soiléir cad atá sa dara mhír, ach seans gur *Binn na Fáinleoige* atá ann. (Geadán talún)

23. Binn an Aoil (S.MacS)

(Geadán talún)

24. Binn an Eidhin (CA, Ordú 2011)

Cnocán atá suite díreach ar an taobh thiar d'Abhainn Ghleann Átha.  
(Talamh ard)

25. an Caiseal (S.MacS)

(Geadán talún)

26. an Chairric (S.MacS)

(Carraig)

27. Carraic an Toir (S.MacS)

(Carraig)

28. Chréig Bhán (M.NicS)

(Carraig)

29. Clochán (M.NicS)

(Geadán talún)

30. Cnoc an Chaiseal (M.NicS)

(Talamh ard)

31. Cnoc na Scíle (M.NicS)

(Geadán talún)

32. Creagacha Bána (M.NicS)

(Carraig)

33. Creagacha Gorma (M.NicS)

(Carraig)

34. na Croichigh (S.MacS)

Seans gur fhoirm de *na Críocha* atá anseo. (Geadán talún)

35. Cúl na Creige (M.NicS, S.MacS)

(Geadán talún)

36. Cúl na Páirce (M.NicS)

(Geadán talún)

37. Cúl tSraith (M.NicS)

(Geadán talún)

38. Droichead Bhun an Inbhir (CA, Ordú 2011)

Droichead ar an Bhóthar R 251 atá suite ar an teorainn idir Fána Bhuí agus Caoldroim Íochtarach, cúpla céad méadar ó thuaidh ó *Loch na Cuinge*. (Timpeallacht thógtha)

39. Droichead Fhána Bhuí (CA, OS 25")

*Fawnaboy Bridge* atá ar na léarscáileanna. Seo an droichead a thrasnaíonn Abhainn Ghleann Átha ag *Fána Bhuí Íochtarach* ag an teorainn idir Fána Bhuí agus Chaiseal na gCorr. (Timpeallacht thógtha)

40. Droim na hAilte (CA, OS 25")

*Drumnanalt* atá le fáil ar na léarscáileanna. Cnocán atá suite dhá chéad méadar siar ó thuaidh ó *Fána Bhuí Uachtarach*. (Talamh ard)

41. an Duibheagan (S.MacS)

(Foinse Uisce)

42. an tÉadan Bán (CA, Ordú 2011)

Cnocán atá suite cúpla céad méadar ó thuaidh ó *Loch an Troisc*. (Talamh ard)

43. na Fairigeán (S.MacS)

Is dócha gur *na Fargáin* atá i gceist anseo agus a bhfuil an bhrí 'steep slope with ledges' ag baint leis (Ó Dónaill, 1992: 519). (Geadán talún)

44. Fána Bhuí Uachtarach (CA, OS 25", OS 6")

Baile beag taobh thiar d'Abhainn Ghleann Átha a bhfuil scata tithe le fáil ann. (Timpeallacht thógtha)

45. Fána Bhuí Íochtarach (CA, OS 25", OS 6")

Baile beag eile atá suite soir ó thuaidh ó Fhána Bhuí Uachtarach taobh thiar den abhainn, cúpla céad méadar siar ó thuaidh ón fho-bhaile *Caiseal na gCorr*. (Timpeallacht thógtha)

46. Lag Fheidhlimidh (S.MacS)

(Talamh íseal)

47. Lag an tSeasgáin Mhóir (S.MacS)

*Lag an tSeascainn Mhóir* a bheadh mar leagan caighdeánach den logainm seo. (Talamh íseal)

48. Leabaidh Dhiarmada (M.NicS, S.MacS)

(Carraig)

49. Leath-acaire (M.NicS)

(Geadán talún)

50. Loch an Chnoic (CA, OS 6", Ordú 2011)

Loch beag atá suite ar an taobh thoir theas d'Fhána Bhuí, 600 méadar siar ó thuaidh ó *Mín na bPoll*. (Foinse Uisce)

51. Loch an Cuiscrí (CA, OS 6", Ordú 2011)

Lochán atá suite cúpla céad méadar ó dheas ó *Loch an Troisc*.  
Cuireadh 'Doolough' air i léarscáil 6" de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis. (Foinse Uisce)

52. Loch an Troisc (CA, OS 6")

Loch atá suite díreach ag taobh thiar an Troisc Mhóir. (Foinse Uisce)

53. an Lurtóg (S.MacS)

(Geadán talún)

54. Léana Mór (S.MacS)

(Geadán talún)

55. Mhurlóg (M.NicS)

(Carraig)

56. an Miodún (S.MacS)

(Geadán talún)

57. Mullach an Áird Mhóir (M.NicS)

(Geadán talún)

58. Murlóg Bheag (M.NicS)

(Carraig)

59. Mín Uí Chuireáin (CA, Ordú 2011)

Baile beag atá díreach cúpla céad méadar ó thuaidh ó *Mín na Craoibhe*, ag an taobh thoir de *an Trosc Mór*. (Timpeallacht thógtha)

60. Mín na nGall (CA, Ordú 2011)

Baile beag atá suite in aice Bhóthar R251 ag an pointe is faide ó dheas den bhaile fearainn. (Timpeallacht thógtha)

61. Poll a Róisín (S.MacS)

(Foinse uisce)

62. Poll na gCloch Mór (S.MacS)

(Geadán talún)



63. Poll na h-Ailte (S.MacS)

(Geadán talún)

64. Páirc Bhain (M.NicS)

(Geadán talún)

65. Páirc Dhonnchada (S.MacS)

(Geadán talún)

66. Páirc an Droichid (S.MacS, M.NicS)

(Geadán talún)

67. Páirc Úr (S.MacS)

(Geadán talún)

68. Rochóg (S.MacS)

(Geadán talún)

69. Réasgan (S.MacS)

Is cosúil gur *Riascán* atá i gceist anseo. (Geadán talún)

70. an Sgraith (S.MacS)

(Geadán talún)

71. Sruthan Buidhe (S.MacS)

(Foinse uisce)

72. Sruthan Garbh (M.NicS)

(Foinse uisce)

73. Sruthan na Leith-Pinghine (S.MacS)

(Foinse uisce)

74. Sruthán Beag (M.NicS)

(Foinse uisce)

75. Sruthán na Bunna Buidhe (M.NicS)

(Foinse uisce)

76. an Tamhnach (S.MacS)

(Geadán talún)

77. an Trosc Carrach (CA, Ordú 2011)

Cnocán beag ar an taobh thiar d'Abhainn Ghleann Átha. Tá an mhíniú 'rock-encrusted, rocky' tugtha i bhfoclóir Uí Dhónaill ar *carrach* (Ó Dónaill, 1992: 192). (Talamh ard)

78. an Trosc Mór (CA, OS 25", Ordú 2011)

Cnoc mór 679 troithe ar airde ag taobh thiar Fhána Bhuí. (Talamh ard)

### **Caoldroim Uachtarach**

1. Abhainn an Chró Mhóir (CA, Ordú 2011)

Is é seo an abhainn a thosaíonn ar an taobh thiar de *Carn Traonach*, agus a ritheann anuas chomh fada le Loch na Cuinge ag bun an chnoic. Cuimsíonn *Abhainn an Chró Mhóir* an teorainn thiar den Chaoldroim Uachtarach agus is é *Mín na Cuinge* an bhaile fearainn atá ar an taobh eile den abhainn. (Foinse uisce)

2. Abhainn Eas Boic (CA, OS 25", Ordú 2011)  
Fo-abhainn de chuid Abhainn Ghleann Átha a thosaíonn ag *Loch an Ghrotha* agus a bhuaileann le hAbhainn Ghleann Átha cúpla céad méadar soir ó thuaidh ó bhaile Chaoldroim Uachtarach. (Foinse uisce)
3. Abhainn Tulaí (CA, OS 25", Ordú 2011)  
Mionabhainn a bhfuil a foinse le fáil thart ar 1000 troithe ar airde ag an taobh thoir de *Taobh an Leithid*, ag an teorainn idir Caoldroim Uachtarach agus baile fearainn Shliabh na hArdadh Móire. Ritheann an abhainn anuas trí Bhaile na Creige, Caoldroim Íochtarach agus an Ardaidh Bheag san áit a dtéann sé i bhfarraige i mBá Bhaile an Easa comhthreomhar le hAbhainn Ghleann Átha. (Foinse uisce)
4. an Ailt (S.NíG)  
(Geadán talún)
5. na h-Áirde Mhóra (S.NíG)  
(Talamh ard)
6. na h-Airde Dhonna (S.NíG)  
(Talamh ard)
7. Árd na Reamhaigh (S.NíG)  
(Talamh ard)
8. an t-Árd Reamhair (S.NíG)  
(Talamh ard)
9. an t-Árd Ruadh (S.NíG)  
(Talamh ard)
10. Binn an Mharcais (L.ÓL)  
Binn atá suite thuas ar *Carn Traonach*. Baistíodh an t-ainm seo ar an bhinn mar gheall ar scéal béaloidis de chuid an cheantair a insíonn go ndeachaigh fear darbh ainm Marcas suas ar an chnoc ag lorg eallach a bhí caillte aige. Tháinig sé trasna ar scaifte mór síogaí nuair a bhí sé thuas ar bhinn ar an chnoc agus nuair a chonaic siad é bhí siad réidh chun ionsaí a dhéanamh air. Tháinig cú dubh chun é a shábháil agus léim Marcas anuas ón bhinn a bhí fiche troithe ar airde agus d'imigh

sé leis abhaile. Ainmníodh an bhinn seo ina dhiaidh mar *Binn an Mharcais* mar sin (Mac Gabhann, 2006). Beidh tuilleadh taighde le déanamh suíomh díreach an logainm seo a aimsiú. (Talamh ard)

11. na Brocachaidhe (S.NíG)

Is léir gur leagan iolra den fhocal *brocach* atá i gceist anseo; *na Brocacha* a bheadh mar leagan caighdeánach air. (Talamh ard)

12. an Caoldroim Láir (Ordú 2011)

Fo-bhaile atá i gceist anseo agus cosúil le hainm na mbailte fearainn *Caoldroim Uachtarach* agus *Caoldroim Íochtarach*. Tugtar *Ceathrúin* níos minice orthu ar fad ná *Caoldroim* cé gurb é *Caoldroim* an t-ainm oifigiúil atá air. Dar le Pádraig Mac Gabhann, is ainm níos úire é *Ceathrúin* a cumadh leis an áit a roinnt, mar go mbíodh go leor daoine ina gcónaí sa cheantar seo agus bhí idirdhealú de dhíth idir na háiteanna. Tugadh *an Cheathrúin Uachtarach*, *an Cheathrúin Láir* agus *an Cheathrúin Íochtarach* orthu mar sin. Baineann an t-ainm ‘Caoldroim’ leis an droim géar a ardaíonn suas go *Carn Traonach* (Mac Gabhann, 2006). Dúirt Gráinne Nic Gairbheith go gceapann sí gur dtiocfadh *Baile na Creige* a bheith ar an cheathrú ceann de na ceathrúna seo (Nic Gairbheith, 2006). Tugtar *an Trian Uachtarach*, *an Trian Láir* agus *an Trian Íochtarach* mar ainmneacha eile ar na háiteanna seo chomh maith. (Timpeallacht thógtha)

13. Caoldroim Uachtarach (Ordú 2011).

Lonnaíocht bheag óna bhfaigheann an baile fearainn a ainm, suite ar an taobh thiar d’Abhainn Ghleann Átha in aice an phointe a mbuaileann an baile fearainn seo le Fána Bhuí agus an Bhealtaine Uachtarach. (Timpeallacht thógtha)

14. Carn Traonach (Ordú 2011)

Is Sliabh é *Carn Traonach* a sheasann ag 425 méadar ar airde agus is é an pointe is airde atá le fáil i mbailte fearainn an tionscadail seo. Is dóichí ná a mhalairt go bhfuil baint ag an mhír ‘carn’ leis na carnáin a

cuireadh síos ar na cnoic mar chuid de thuras na Seacht Leachta a bhfuil plé déanta air i gCaibidil 1. Tá sé suite ar an taobh thiar den Chaoldroim Uachtarach in aice na teorainn idir é agus *Mín na Cuinge*. (Talamh ard)

15. Cnoc an Sgealladh Big (S.NíG)

(Talamh ard)

16. Cnoc na gCloch (CA, OS 25", Ordú 2011)

Cnoc Mór a sheasann ag níos mó ná 600 troithe ar airde atá suite ag an taobh thiar thuaidh den Chaoldroim Uachtarach, cúpla céad méadar soir ó *Abhainn Tulaí*. (Talamh ard)

17. an Chroig Bhán (S.NíG)

Is dócha gur *an Chreig Bhán* atá i gceist leis seo. (Carraig)

18. an Chruach (CA, Ordú 2011)

Cnoc mór atá níos mó ná 600 troithe ar airde agus a sheasann díreach ar an taobh thoir de *Loch an Ghrotha*. (Talamh ard)

19. Céim Aodh (S.NíG)

(Talamh íseal)

20. Cúl an Gharraidh (S.NíG)

(Geadán talún)

21. Droichead Eas Boic (CA, OS 25")

*Aspick Bridge* a fhaightear ar na léarscáileanna. Seo an droichead a thrasnaíonn *Abhainn Eas Boic* ar an phríomhbhóthar idir Gaoth Dobhair agus Gort an Choirce. Tá sé suite ar an teorainn idir Caoldroim Uachtarach agus Fána Bhuí. (Timpeallacht thógtha)

22. Druim Pholla Mór (S.NíG)

(Geadán talún)

23. Druim Árd Scainimhe (S.NíG)

Seans gur 'scaineamh' atá i gceist anseo, a bhfuil an bhrí 'Shingly strand; shingle' ag baint leis (Ó Dónaill, 1992: 1037). *Droim Ard Scainimh* a bheadh mar leagan caighdeánach den logainm seo, mar sin. (Talamh ard)

24. an Garradh Úr (S.NíG)

(Geadán talún)

25. an Gráidbheal (S.NíG)

(Geadán talún)

26. Leabaidh Dhiarmuda (S.NíG)

Cláraíodh carn a bhí seacht dtroithe ar airde agus dhá uaigh leis sa bhliain 1845 a raibh ‘Dermot and Grania’s bed’ air sa bhaile fearainn seo agus is dócha go bhfuil baint ag an láthair le *Leabaidh Dhiarmuda* anseo (Lacey, 2012: 97). (Talamh ard)

27. an Lios (S.NíG)

(Talamh íseal)

28. Loch an Chrupáin (CA, OS 25”, OS 6”, Ordú 2011)

Loch tirim atá i gceist anseo ach is cosúil ó na seanléarscáileanna gur fíorloch a bhí ann tráth. Tá sé suite céad méadar ó dheas ó *Cruach na Creige*, ag an chuid is faide ó thuaidh den Chaoldroim Uachtarach.

Tagraíonn ‘crupán’ d’aicid a thagann ar ainmhithe nuair na mbíonn na mianraí riachtanacha sa talamh, *aphosphorosis* (Ó Dónaill, 1992: 331).

Dar le Ó Baoill thagadh crupán ar eallaigh a bhí ‘i bhfad ar an chineál amháin féir’ (Ó Baoill, 1986: 57). Faoi chóras na rondála thugtaí athrú féaraigh do na hainmhithe le séasúr an bhuailteachais, agus sheachnófaí an crupán dá réir sin. Léiríonn an logainm an t-ábhar imní a bhí ar mhuintir na háite – cúram a dhéanamh don stoc ionas go mbeadh siad láidir folláin. Tugann an logainm eolas tábhachtach timpeallachta faoin talamh in aice an locha. (Foinse Uisce)

29. Loch an Duine (CA, Ordú 2011)

Loch beag a luíonn leathchiliméadar ó thuaidh ó *Loch na Cuinge*, ag an chuid is faide ó dheas den Chaoldroim Uachtarach. (Foinse uisce)

30. Loch an Ghrotha (CA, OS 6”, Ordú 2011)

Lochán atá suite díreach taobh thiar de *an Chruach*. (Foinse uisce)

31. na Mainearacha (S.NíG)

(Talamh íseal)

32. na Mianaigh (Ordú 2011)

Is iad seo na Mianaigh a osclaíodh in 1826 agus a bhí ag feidhmiú go 1832 nuair a druideadh iad agus a osclaíodh arís sna hocht déag seascaidí ar feadh tréimhse. Bhí siad ina bhfoinse fhíorthábhachtach ó thaobh fostaíochta de sa cheantar agus fostaíodh go leor de mhuintir na háite ann (Ó Laoire, 2000: 81). Is minice a bhíonn an t-ainm hibrídeach *Na Mines* in úsáid ag muintir na háite ná *na Mianaigh*.

(Timpeallacht thógtha)

33. an Pollán (S.NíG)

(Geadán talún)

34. Pollán an Raithnigh (S.NíG)

(Talamh íseal)

35. Páirc Shearcaigh (S.NíG)

(Geadán talún)

36. Páirc an Tobair (S.NíG)

(Geadán talún)

37. Póca Beag (S.NíG)

(Geadán talún)

38. Scraith (S.NíG)

(Geadán talún)

39. Scárdán (S.NíG)

Tá an focal seo le fáil i bhfoclóir Uí Dhuinnín leis an mhíniú 'a spout, a squirt; a waterfall' (Dineen, 1904). (Carraig)

40. na Seanansacha (S.NíG)

(Talamh ard)

41. an Sgriogaidh (S.NíG)

(Carraig)

42. Sraith na Bratóige (L.ÓL)

Tá an logainm seo ceangailte leis an scéal maidir le *Binn an Mharcais* chomh maith. An lá i ndiaidh ionsaí na síoga ar Mharcas thuas ar an chnoc, chuaigh sé ann arís agus chonaic sé léar mór bratóg thíos ón

bhinn. Éadaí na síoga a bhí ann a fágadh ina ndiaidh nuair a mharaigh an cú dubh iad (Mac Gabhann, 2006). (Talamh íseal)

43. an Sruthán Beag (S.NíG, CA, Ordú 2011)

Mionsruthán sa chuid theas den Chaoldroim Uachtarach a bhfuil a foinse le fáil i *Loch an Duine* agus a ghluaiseann ó dheas go dtí an áit a mbuaileann sé le *Loch na Cuinge*. Is é *an Sruthán Geal* a bhí ag Niall Ó Dubhthaigh mar ainm ar an áit chéanna (Ó hEochaidh, 1943: 133).

(Foinse uisce)

44. Sruthan Loch an Rocha (S.NíG)

Is dócha gur *Sruthán Loch an Ghrotha* atá i gceist anseo. (Foinse uisce)

45. Sruthan Shearcaigh (S.NíG)

(Foinse uisce)

46. na Srutháin Geala (S.NíG)

(Foinse uisce)

47. Tor Bhríghde (S.NíG)

(Geadán talún)

48. na Trí Píopa (N.ÓD)

Áit a mbíodh go leor bothóga le fáil inti nuair a bhíothas ag cleachtadh an buailteachas sa cheantar. Tá sé suite gar do *Loch an Duine* ar an taobh ó dheas den Chaoldroim Uachtarach (Ó hEochaidh, 1943: 133).

(Talamh ard)

### Caiseal na gCorr

1. Ailt an tSrutháin (A.NíG)

(Geadán talún)

2. an t-Árd Bualadh (A.NíG, M.NíR)

(Geadán talún)

3. an t-Árd Cruinn (A.NíG, M.ÓG)

(Geadán talún)

4. an t-Árd Donn (A.NíG, A.ÓG, M.NíR, M.ÓG)

(Geadán talún)

5. an t-Árd Fada (E.ÓhE, M.ÓG)

(Talamh ard)



6. an t-Árd Mullaigh (M.ÓG)  
(Geadán talún)
7. an t-Árd Mór (A.ÓG)  
(Talamh ard)
8. an t-Árd Ruadh (E.ÓhE)  
(Talamh ard)
9. Árd a Lín Créig Báin (A.NíG)  
(Talamh ard)
10. Árd an Bhuailte (M.ÓG)  
(Talamh ard)
11. Árd an Gharraidh (A.NíG)  
(Talamh ard)
12. Árd an Lín (M.ÓG)  
(Talamh ard)
13. Árd an Mhullaigh (A.NíG)  
(Talamh ard)
14. Árd an Raithnigh (A.ÓG)  
(Talamh ard)
15. Árd an t-Seasgáin (A.ÓG)  
*Ard an tSeascainn* a bheadh ina leagan caighdeánach den logainm seo. (Talamh ard)
16. Árd na Tuinnseán (A.ÓG)  
(Talamh ard)
17. Árd na Cloiche Báine (A.NíG, M.NíC, M.NíR)  
(Talamh ard)
18. Árd na Fáire (M.NíC)  
(Talamh ard)
19. Árd na Ruadh-Bhreac (E.ÓhE)  
(Talamh ard)
20. Árd na Taoibhe Glaise (M.NíC)  
(Talamh ard)
21. Árd na gCoinín (A.ÓG)  
(Talamh ard)

22. Árd na mBothóg (E.ÓhE)

(Talamh ard)

23. Árd na páirce (E.ÓhE)

(Talamh ard)

24. Árdan an Phunta (M.NíC)

(Talamh ard)

25. na h-Ardain (A.NíG)

(Talamh ard)

26. Baile an Phunta (CA, OS 25", OS 6", Ordú 2011)

Baile beag atá suite ag an pointe is faide ó thuaidh den bhaile fearainn, in aice Chaiseal na gCorr féin. I léarscáileanna 6" de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis tugtar 'pound' ar an chaiseal agus is léir gurbh as sin a báistíodh *Baile an Phunta* ar an áit seo. (Timpeallacht thógtha)

27. an Bhinn Mhór (M.ÓG)

(Talamh ard)

28. Binn na mBóthogh (A.ÓG)

(Geadán talún)

29. an Bogach (A.NíG)

(Geadán talún)

30. Béal an Áird (S.NíC)

(Geadán talún)

31. Béal an Garraidh (A.NíG)

(Geadán talún)

32. Caiseal na gCorr (CA, OS 25", OS 6")

Baineadh an caiseal as an láthair seo ó rinneadh léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis dar le Lacey. Maireann ardán carraige ar thalamh féarach san áit go dtí an lá inniu (Lacey, 2012: 99). Dúirt Jimí Beag Chit Rua Ó Gallchóir gur seanchaisleán a bhí i gceist le *Caiseal na gCorr* agus go gcuirfí 'Castlenagor' air i mBéarla mar sin. Cruinníodh corra san áit go minic agus is é sin is cúis leis an dara mhír den logainm (Ó Gallchóir, 2006). Tá Cathal Ó Searcaigh den bharúil

gur féidir ciall eile a bhaint as an logainm; dar leis tá frása ‘clocha corrach’ a úsáidtear i nGaeilge Thír Chonaill ar ‘Megalithic Standing Stones’. Baineann an mhír ‘corrach’ le rudaí atá ait nó éagsúil agus tógadh na clocha seo in áiteanna a raibh baint ar leith acu leis an ‘saol eile’ (Ó Searcaigh, 2006). (Láithreán seandálaíochta)

33. Carraic Fionán (A.ÓG)

(Carraig)

34. Carraic na Lochán (A.ÓG)

(Carraig)

35. na Creagacha Breaca (A.ÓG)

(Carraig)

36. Chreag Bhreag (M.ÓG)

(Carraig)

37. Chreag Fhada (M.ÓG)

(Carraig)

38. Chreag Mhór (M.ÓG)

(Carraig)

39. an Chloch Ghorm (A.NíG)

(Geadán talún)

40. an Chloigeann (A.NíG, M.NíC)

(Geadán talún)

41. an Chruach Trasna (CA, Ordú 2011)

Cnoc beag a sheasann idir *Loch Chaiseal na gCorr* agus *Loch an Ghainimh*. (Talamh ard)

42. Cruach an Mhónáin (CA, Ordú 2011)

Cnoc a sheasann ag 486 troithe ar airde agus atá suite díreach ag an taobh thoir de *Mín Átha Bhuí* sa taobh ó thuaidh den bhaile fearainn. (Talamh ard)

43. Cuibhreann Faoi an Chrann Mhór (E.ÓhE)

(Geadán talún)

44. Cuibhreann Faoi an Gharradh (E.ÓhE)

(Geadán talún)

45. Cuibhreann Faoi Árd na Páirce (E.ÓhE)  
(Geadán talún)
46. Cuibhreann an Farragan (E.ÓhE)  
B'fhéidir gur *fargán* atá i gceist sa dara cuid den logainm anseo, ar a dtugtar 'steep slope with ledges' mar mhíniú ar an fhocal i bhfoclóir Uí Dhónaill (Ó Dónaill, 1992: 519). *Cuibhreann an Fhargáin* a bheadh ann, mar sin. (Geadán talún)
47. Cuibhreann an Laga Fhluich (E.ÓhE)  
(Geadán talún)
48. Cuibhreann an Poca Beag (E.ÓhE)  
(Geadán talún)
49. Cuibhreann an Síneadh Fhada (E.ÓhE)  
(Geadán talún)
50. Cuibhreann an Locha (M.ÓG)  
(Geadán talún)
51. Cúl an Ailt (M.ÓG)  
(Geadán talún)
52. Cúl an Garraidh (A.NíG)  
(Geadán talún)
53. an Duibheagan (E.ÓhE, A.ÓG)  
(Foinse Uisce)
54. an Duirg (S.NíC)  
(Geadán talún)
55. Faoi an Gharraí (S.NíC)  
(Geadán talún)
56. Faoin Bhinn (A.NíG)  
(Geadán talún)
57. Garradh an Eadan Bháin (E.ÓhE)  
(Geadán talún)
58. an Gárradh Mór (A.NíG)  
(Geadán talún)
59. Glaise An Ailt (M.NíC)  
(Foinse uisce)

60. Lág an Phortaigh (A.ÓG)

(Talamh íseal)

61. an Lág Bheag (A.ÓG)

(Talamh íseal)

62. an Lag Bhuidhte (M.ÓG)

(Talamh íseal)

63. Lag Ghorm (A.NíG)

(Talamh íseal)

64. an Lag Mharbh (M.ÓG)

(Talamh íseal)

65. an Lag Shalach (A.NíG, M.NíC)

(Talamh íseal)

66. Lag an Mhullaigh Bhig (A.NíG)

(Talamh íseal)

67. Lag an Mhullaigh Mhóir (M.NíC)

(Talamh íseal)

68. Lag an tSean Toighe (A.NíG, MNíC, M.ÓG)

(Talamh íseal)

69. Lág na Fheaghacha (A.ÓG)

Is dócha gurb é an focal *feag* atá i gceist sa dara cuid den logainm seo, ar focal eile é ar 'luachra' (Ó Dónaill, 1992: 524). *Lag na bhFeagacha* a bheadh mar leagan caighdeánach den logainm seo. (Talamh íseal)

70. Lág na Maide (A.ÓG)

(Talamh íseal)

71. an Leac Bhuidhe (M.NíR)

(Foinse Uisce)

72. Leathphiginn (A.NíG)

(Geadán talún)

73. an Léana (M.NíC, A.NíG)

(Geadán talún)

74. Loch Chaiseal na gCorr (CA, OS 25", OS 6", Ordú 2011)

Tá an loch seo suite i lár bhaile fearainn Chaiseal na gCorr. (Foinse uisce)

75. Loch Dubh (OS 25", OS 6", Ordú 2011)  
Lochán a luíonn cúpla céad méadar soir ó Abhainn Ghleann Átha.  
(Foinse uisce)
76. Loch an Ghainimh (CA, OS 6", Ordú 2011)  
Loch atá suite céad méadar ón *Loch Dubh* ar an taobh thoir. Cuireadh  
'Doo Lough' air ar léarscáil 6" de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis.  
(Foinse uisce)
77. Loch na Stacán (CA)  
Lochán a luíonn thart ar 500 méadar ó thuaidh ón *Loch Dubh*. (Foinse  
uisce)
78. Loch na Stacán (A.ÓG)  
Páirc atá ainmnithe mar gheall ar an loch thuas, is dócha. (Foinse uisce)
79. an Mhín (A.ÓG)  
(Geadán talún)
80. Mín an Leá (CA, Ordú 2011)  
Tugtar *Mín an Leá* nó *Mín a'Leá* ar an gheadán talamh idir *Loch Dubh*  
agus Abhainn Ghleann Átha. Tagraítear an t-ainm chomh maith den  
scata beag tithe a fhaightear in aice na míne agus don cheantar  
mórthimpeall uirthi. (Talamh ard)
81. Mín Átha Buí (CA, OS 25", OS 6", Ordú 2011)  
Cé gur *Mín Átha Buí* atá socraithe mar fhoirm údarásach den logainm  
seo san Ordú Logainmneacha, is minice a úsáidtear *An Mhín Bhuí* go  
háitiúil agus is é sin an t-ainm a fhaightear don áit seo i mBailiúchán  
na Scol. Tagraíonn *Mín Átha Buí* don gheadán talún a fhaightear idir  
*Loch Chaiseal na gCorr* agus Abhainn Ghleann Átha. Cosúil le *Mín an  
Leá*, tugtar *Mín Átha Bhuí* ar an scata tithe i aice na míre seo agus ar  
an cheantar mórthimpeall uirthi. (Talamh ard)
82. an Mullaigh (A.NíG)  
(Geadán talún)
83. Páirc na Faire (M.NíC)  
(Geadán talún)

84. an Pháirc Gharbh (A.NíG, M.NíC)  
(Geadán talún)
85. an Pháirc Mhór (A.NíG)  
(Geadán talún)
86. an Pháirc Shalach (A.NíG)  
(Geadán talún)
87. an Pháirc Bheag (S.NíC)  
(Geadán talún)
88. an Pháirc Bhán (A.NíG, M.NíR, S.NíC)  
(Geadán talún)
89. an Pháirc Chruinn (A.NíG, M.NíR, S.NíC)  
(Geadán talún)
90. an Pháirc Fhada (S.NíC)  
(Geadán talún)
91. an Pháirc Láir (A.ÓG)  
(Geadán talún)
92. an Pháirc Mhín (S.NíC)  
(Geadán talún)
93. an Pháirc Mhór (M.NíC)  
(Geadán talún)
94. an Pháirc Uachtarach (M.NíC)  
(Geadán talún)
95. Páirc an Aoil (A.ÓG)  
(Geadán talún)
96. Páirc an Átha (A.ÓG)  
(Geadán talún)
97. Páirc an Chasain (A.NíG)  
(Geadán talún)
98. Páirc an Faithche (A.NíG)  
(Geadán talún)
99. Páirc an Mhullaigh (A.ÓG)  
(Geadán talún)

100. Páirc an Phunnta (A.ÓG, S.NÍC)  
(Geadán talún)
101. Páirc an Rannaigh (S.NÍC)  
(Geadán talún)
102. Páirc an t-Srutháin (A.ÓG)  
(Geadán talún)
103. Páirc na Druithleóg (A.ÓG)  
(Geadán talún)
104. Páirc na Locha (A.NÍG)  
(Geadán talún)
105. Páirc na Muthóg (M.NÍC)  
(Geadán talún)
106. Páirc na Sgaltaigh (A.NÍG)  
(Geadán talún)
107. Páirc na gCloch Mór (S.NÍC)  
(Geadán talún)
108. Páirc na gCrann (A.ÓG)  
(Geadán talún)
109. Páirc na h-Innealta (A.NÍG)  
(Geadán talún)
110. an Pháirc Úr (S.NÍC)  
(Geadán talún)
111. an Poll Ruadh (A.NÍG)  
(Geadán talún)
112. an Polán Lár (M.ÓG)  
(Geadán talún)
113. an Punta (A.NÍG)  
(Geadán talún)
114. an Rannaidh (A.NÍG, A.ÓG, M.ÓG)  
(Geadán talún)
115. an Roilig (A.NÍG)  
(Geadán talún)



116. Roinn an Mhadaidh (A.ÓG)  
(Geadán talún)
117. an tSean Teach (A.NíG)  
(Geadán talún)
118. an Sgraith Luinge (A.ÓG)  
(Talamh íseal)
119. an Srath (M.ÓG)  
(Geadán talún)
120. an Srath Beag (A.ÓG)  
(Geadán talún)
121. Sruathan Altán (A.ÓG)  
(Foinse uisce)
122. an Sruathan Fádalach (A.ÓG)  
(Foinse uisce)
123. an Sruathan Meithre (A.ÓG)  
(Foinse uisce)
124. Sruathan an Phortaigh (A.ÓG)  
(Foinse uisce)
125. Sruathan na Gainimhe (A.ÓG)  
Seans go bhfuil baint idir an sruthán seo agus *Loch an Ghainimh*.  
(Foinse uisce)
126. an Sruthán Ard (S.NÍC)  
(Geadán talún)
127. an Sruthán Beag (M.ÓG, S.NÍC, A.ÓG, M.NÍR)  
(Foinse uisce)
128. Sruthán Chnó na Still (M.ÓG)  
Is léir gur *Sruthán Chró na Stile* atá anseo. (Foinse uisce)
129. an Sruthán Corr (S.NÍC)  
(Geadán talún)
130. an Sruthán Dubh (M.ÓG)  
(Geadán talún)
131. an Sruthán Díg (S.NÍC)  
(Geadán talún)

132. an Srúthain Ruadh (A.NíG)

(Foinse uisce)

133. an Sruthán Truisg (S.NíC)

Is cosúil gur *an Sruthán Troisc* atá i gceist leis an ainm seo. (Geadán talún)

134. Srúthain an Droichid Bhig (A.NíG)

(Foinse uisce)

135. Sruthán an Éadan Bháin (E.ÓhE)

(Foinse uisce)

136. Srúthain na Leac Bhuidhe (A.NíG, M.ÓG)

(Foinse uisce)

137. Sruthán na Leithphighine (M.NíR, A.NíG)

(Foinse uisce)

138. Sruthán na taoibhe (M.NíC)

(Foinse uisce)

139. Stáisiún Chaiseal na gCorr (Ordú 2011)

“Leag an Londonderry and Lough Swilly Railway Company 49.5 míle de bhóthar iarainn cúng ó Leitir Ceanainn go hAilt an Chorráin, agus osclaíodh é i mí Márta 1903. Ba é stáisiún Chaiseal na gCorr i nGort an Choirce an stáisiún ab airde ar an líne, 420 troigh os cionn na farraige. Bhí an stáisiún seo, a luíonn faoi scáth an Earagail, mar lárionad don pharóiste go dtí gur dúnadh an bóthar iarainn ar an 11 Nollaig 1947. Ba ón stáisiún seo a thaistil na mílte go dtí an Lagán, Albain agus Meiriceá, agus ba isteach anseo a tháinig bunús na n-earraí a bhí ar díol sna siopaí áitiúla. Ba ag stáisiún Chaiseal na gCorr a rinneadh an scannán “The Railway Station Man” i 1992, a bhí bunaithe ar úrscéal le Jennifer Johnston, agus chaith na haisteoirí Donal Sutherland agus Julie Christie roinnt seachtainí fan cheantar. Tá tagairt i bhfilíocht Chathail Uí Shearcaigh don stáisiún seo fosta” (Stáisiún Chaiseal na gCorr | RTÉ Presspack, 2016). Tá an stáisiún ina sheasamh go dtí an lá inniu agus é in úsáid mar theach lóistín. (Timpeallacht thógtha)

140. an tSráth (A.NíG)  
(Geadán talún)
141. an Stocaigh (A.NíG, M.ÓG)  
(Geadán talún)
142. Síneadh Giortach (A.ÓG)  
(Geadán talún)
143. an Talaimh Ruadh (A.NíG)  
(Geadán talún)
144. Taobh an tSrúthain (A.NíG)  
(Geadán talún)
145. na Trí Iomara (A.NíG)  
(Geadán talún)

### **An Bhealtaine Íochtarach**

1. an Ált (B.NíD)  
(Foinse uisce)
2. an t-Árd Bán (G.NíG)  
(Geadán talún)
3. an t-Árd Garbh (G.NíG)  
(Talamh ard)
4. an t-Árd Ruadh (G.NíG)  
(Talamh ard)
5. Árd an Draon (C.NíD)  
(Talamh ard)
6. Árd an Ranaighe (G.NíG)  
(Talamh ard)

7. an Bhealtaine Íochtarach (CA, OS 6", OS 25")

Seo an baile beag atá suite sa taobh thuaidh den bhaile fearainn agus is dócha gur baistíodh an t-ainm céanna ar an bhaile fearainn dá bharr. (Timpeallacht thógtha)

8. Beinn Árd an Damhsa (C.NíD)

(Talamh ard)

9. an Charraig Dhonn (C.NíD)

(Talamh ard)

10. Carraig na gCloch (B.NíD)

(Carraig)

11. Carraig na h-Aiteannaigh (B.NíD)

*Carraig na hAiteannaí* atá i gceist anseo is dócha. (Carraig)

12. Chreag Néill (G.NíG)

(Carraig)

13. Cnocan an Challain (C.NíD)

(Talamh ard)

14. Coimín (B.NíD)

(Talamh íseal)

15. an Chreig Bhreach (G.NíG)

(Talamh íseal)

16. an Chreig Bhán (G.NíG)

(Carraig)

17. an Chreig Ruadh (G.NíG)

(Carraig)

18. Cúl an Garraidh (G.NíG)

(Geadán talún)

19. an Domasach (G.NíG)

(Geadán talún)

20. na h-Innseain (C.NíD)

*na hInseáin* atá i gceist anseo, is dócha. (Geadán talún)

21. Lag an Chamhsa (B.NíD)

(Talamh íseal)

22. Lag an Chapagaigh (C.NíD)

(Talamh íseal)

23. Lág an Eallaigh (G.NíG)

(Talamh íseal)

24. Lag an tSean Toighe (C.NíD)

(Talamh íseal)

25. Lag an tSeasgain Bháin (C.NíD)

Bheadh *Lag an tSeascainn Bháin* mar leagan caighdeánach den logainm seo. (Talamh íseal)

26. Lág Dubh (G.NíG)

(Talamh íseal)

27. Lag na Bromasaigh (B.NíD)

(Talamh íseal)

28. Lag na mBachtaí (C.NíD)

(Talamh íseal)

29. an Lág Úr (G.NíG)

(Talamh íseal)

30. Leanna Bán (S.NíG)

(Geadán talún)

31. an Leath Mullaidh (S.NíG)

(Geadán talún)

32. Léuna (G.NíG)

(Geadán talún)

33. an Mullach Bhán (G.NíG)

(Geadán talún)

34. an Mhullaidh Bheag (S.NíG)

(Geadán talún)

35. an Mhullaigh Bháin (B.Níd)

Seans go bhfuil baint ag an ainm seo le *an Mullach Bhán* thuas. (Talamh ard)

36. Mullaigh na Sruthan (C.Níd)

(Talamh ard)

37. Mullaigh na gCloch Garbh (C.Níd)

(Talamh ard)

38. Munaigh Ruadh (C.Níd)

(Geadán talún)

39. an Neas (B.Níd)

B'fhéidir gur *an Eas* atá i gceist anseo. (Foinse uisce)

40. Páirc Bheag (C.Níd, S.NíG, G.NíG, B.Níd)

(Geadán talún)

41. Páirc Bhog (G.NíG)

(Geadán talún)

42. Páirc Cholm (C.Níd)

(Geadán talún)

43. Páirc Eibhlinne (S.NíG)

(Geadán talún)

44. an Páirc Fhada (S.NíG)

(Geadán talún)

45. an Páirc Gharbh (G.NíG, S.NíG)

(Geadán talún)

46. Páirc faoi an Gharadh (S.NíG)

(Geadán talún)

47. Páirc na gCoinín (S.NíG)

(Geadán talún)

48. Páirc na gCreagach (S.NíG)

(Geadán talún)

49. Páirc na h-Eiteannadh (C.NíD)

(Geadán talún)

50. Páirc na h-altóra (S.NíG)

(Geadán talún)

51. an Páiste Bán (G.NíG)

(Geadán talún)

52. an Ruadh Mheirg (C.NíD)

(Foinse uisce)



53. an tSeasgan (B.NíD)

*an Seascann* a bheadh ann mar chaighdeánú ar an logainm seo.  
(Geadán talún)

54. an tSrath (S.NíG, G.NíG)

(Geadán talún)

55. Sruthan an t-Seasgain (C.NíD)

*Sruthán an tSeascainn* a bheadh mar leagan caighdeánach ar an logainm seo. (Foinse uisce)

56. Sruthan na Cloiche Aoil (C.NíD)

(Foinse uisce)

57. Sruthan na dTrí Píopa (C.NíD)

(Foinse uisce)

58. Sruthan na n-Easgan (C.NíD)

Faightear ‘Wet, sedgy, bog’ i bhfoclóir Uí Dhomhnaill ar ‘easca’. Seansgur *Sruthán na hEasca* a bheadh anseo mar leagan caighdeánach.  
(Foinse uisce)

59. an Srúthán Cruinn (G.NíG)

(Foinse uisce)

60. an Srúthán Domhan (G.NíG)

(Foinse uisce)

## 61. an Srúthán Lár (G.NÍG)

(Foinse uisce)

## 62. Srúthán an Uisce Ruaidh (G.NÍG)

(Foinse uisce)

### **An Bhealtaine Uachtarach**

#### 1. Ard Bán (CA, OS 25")

*Ardbane* atá le fáil sna léarscáileanna don logainm seo. Is é an rud atá i gceist leis ná ráth a bhí suite i lár an bhaile fearainn seo. "The single-ringed enclosure labelled 'Ardbane', marked on the second edition of the OS six-inch sheet has been removed. It was possibly some kind of cashel. The name now refers to a small natural rock platform on pasture land that slopes west to the Glenna River" (Lacey, 2012: 99).  
(Láithreán seandálaíochta)

#### 2. An Bhealtaine Uachtarach (CA, OS 6", OS 25")

An baile beag óna dtagann ainm an bhaile fearainn. Tá sé suite cúpla céad méadar ó dheas den Bhealtaine Íochtarach. (Timpeallacht thógtha)

### **Baile na Creige**

#### 1. Baile an Chaoráin (CA, OS 25", OS 6", Ordú 2011)

Baile beag atá suite ar an taobh thoir den bhaile fearainn. (Timpeallacht thógtha)

#### 2. Baile na Creige (CA, OS 25", OS 6", Ordú 2011)

Baile beag atá suite céad méadair níos faide soir ó *Baile an Chaoráin*. Is léir gur báistíodh *Baile na Creige* ar an bhaile fearainn mar gheall ar an bhaile seo. (Timpeallacht thógtha)

#### 3. Cruach na Creige (CA, OS 25", Ordú 2011)

Cnocán a sheasann ar an taobh ó dheas den bhaile fearainn seo. Tá sé suite céad méadar ó thuaidh ó *Loch an Chrúpáin* agus cuid de i mbaile fearainn Chaoldroim Uachtarach. (Talamh ard)

4. an Cuibhreann Dubh (A.NíGh)  
(Geadán talún)
5. an Garadh Cruaich (A.NíGh)  
(Geadán talún)
6. Garadh na Slat (A.NíGh)  
(Geadán talún)
7. Garadh na gCruach (A.NíGh)  
(Geadán talún)
8. Loch Bhaile na Creige (CA, OS 25", Ordú 2011, M.NíF)  
Lochán a luíonn idir *Baile na Creige* agus *Baile an Chaoráin*. (Foinse uisce)
9. an Léanna (A.NíGh)  
(Geadán talún)
10. Páirc an Gharaidh Bhig (A.NíGh)  
(Geadán talún)
11. Páirc an Mhuileann (A.NíGh)  
(Geadán talún)
12. Páirc an Áird Doinn (A.NíGh)  
(Geadán talún)
13. Páirc na Créige (A.NíGh)  
(Geadán talún)
14. an Sruthán Ruadh (A.NíGh)  
(Foinse uisce)

#### **An Caiseal**

1. Baile an Gheafta (CA, OS 25", OS 6", Ordú 2011)  
Baile beag atá suite díreach ó thuaidh ón Bhealtaine Íochtarach, sa taobh theas den bhaile fearainn seo. (Timpeallacht thógtha)
2. Cnoc an Chaisil (CA, OS 25", OS 6")  
Cnoc 484 troithe ar airde a sheasann ar an taobh thoir thuaidh den bhaile fearainn. (Talamh ard)

3. Cnoc an Mháma (CA, OS 25", Ordú 2011)

Cnocán atá suite ar an phointe is faide ó dheas den bhaile fearainn, soir ó *Baile an Gheafra* agus díreach ó dhéas ón Mhám. (Talamh ard)

4. Glenna House (CA, OS 25")

(Timpeallacht thógtha)

5. an Mám (CA, OS 25", OS 6")

Baile beag ar an taobh ó thuaidh de *Cnoc an Mháma*. (Timpeallacht thógtha)

6. Teach an Chaisil (CA, OS 25", OS 6")

*Cashel House* a fhaightear ar na léarscáileanna. Ba le tiarna talún ar a dtugadh 'an Seonstanach' air an talamh ar a bhfuil Teach an Chaisil.

Nuair a tháinig an tiarna seo anuas sa saol agus nuair ab éigean dó an talamh seo a dhíol, cheannaigh an sagart paróiste an tAthair Aodh Mac Pháidín an talamh agus thóg sé féin teach ar an láthair seo.

Cheannaigh príomhphearsa *Rotha Mór an tSaoil*, Micí Mac Gabhann an teach seo ach bhí drochbhail air. Leagadh an teach sin agus thóg

Micí teach úr atá ann go dtí an lá atá inniu ann. Tá áirse shainiúil a

chuir an Seosantanach suas ag geataí an tí go fóill, a bhfuil cuntas air le fáil sa leabhar; 'Tá cúpla céad bliain ó shin chuir farraige mhór

ollphéist isteach ar thráigh Mhachaire Rabhartaigh. Bhí méid iargúlta

inti agus bhí daoine a rá gur bád a shlog sí a ba shiocair lena bás. Nuair

a chuala an Seonstanach trácht uirthi chuaigh sé síos lena chuid fear agus d'fheann sé an pheist agus thug aníos ar a charr stiall mhór di.

Chuir sé na giallbhacha agus ceann de na heasnacha móra trasna

eatarthu ó chuaille go cuaille os cionn an gheafra mhóir. Tá an easna

sin cúig troithe déag ar fad agus tá sí le feiceáil ansin os coinne an tí

go dtí an lá inniu ag duine ar bith a thioctas an bealach.'

(Mac Gabhann, Ó hEochaidh agus Ó Conluain, 1996: 224-225). (Timpeallacht thógtha)

### Caoldroim Íochtarach

1. Caoldroim Íochtarach (CA, OS 6", OS 25", Ordú 2011)  
An baile beag óna fhaigheann an baile fearainn seo a ainm. Tugtar *an Trían Íochtarach* ar an áit seo chomh maith. (Timpeallacht thógtha)
2. Bun a'Line (L.ÓL)  
Tugtar Bun a'Line ar an acomhal a fhaightear díreach ar an taobh ó dheas de *Droichead Bhedlam*, áit a scarann an N 56 ar an taobh ó dheas i dtreo Ghaoth Dobhair agus an R 257 siar i dtreo Mhachaire Uí Rabhartaigh. (Timpeallacht thógtha)
3. Leaba Dhiarmada agus Ghráinne (CA, OS 25", Ordú 2011)  
"A complex site of unclear type, recorded as a Dermot and Grania's Bed in 1845. Partially excavated in 1976, it produced material from two distinct periods: the Neolithic; and a later phase indicated by the finding of a corroded iron object. The monument is labelled as an unclassified megalith in the published surveys, but 'looks like a ruined cashel with an entrance-like feature at the south', and a diameter of 23m" (Lacey, 2012: 103-104). (Láithreán seandálaíochta)

### An Ardaidh Bheag

1. Abhainn an Mhuilinn (P.ÓB)  
Tosaíonn an abhainn seo i *Loch Lacha* ar an taobh ó dheas den Ardaidh bheag. Ritheann sí ó thuaidh go dtí teorainn Dhoire Chonaire, áit a dtiontaíonn sí soir ar feadh ciliméadair agus is ansin a bhuaileann sí le Bá Bhaile an Easa. 'Is í seo an abhainn a bhí ag tabhairt freastail ar an mhuilleann a bhí ag Mícheál Ua Fearadhaigh. Tugadh annsin "abhainn an mhuilinn" uirthi' (Scoil Mhachaire Uí Rabhartaigh | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Foinse uisce)

2. Abhainn an tSamhaidh (P.ÓB)
 

‘Is seo fó-abha de Abhainn an Mhuilinn. Tugadh an t-ainm sin uirthi siocair go mbíonn samhadh ag fás uirthi’ (Scoil Mhachaire Uí Rabhartaigh | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Foinse uisce)
3. an Ailt (Ordú 2011)
 

(Talamh íseal)
4. an t-Ardán Beag (P.ÓB)
 

‘Is é seo ardán nach bhfuil ró-mhór, agus mar sin de, tugadh an t-ainm sin air.’ (Scoil Mhachaire Uí Rabhartaigh | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Talamh ard)
5. Ardán Mhór Uí Bhaoghaill (P.ÓB)
 

‘Tugtar an t-ainm sin air siocair gur ag a bhun a bhí teach Uí Bhaoghaill. Is ann fosta a cailleadh an Baoghlach a am laethe breághtha Samhraigh ag amharc ar an fhairrge. (Scoil Mhachaire Uí Rabhartaigh | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Talamh ard)
6. Binn an Fhéich (CA, OS 25”, Ordú 2011)
 

Rinn bheag a ghobann amach ar Bhá Bhaile an Easa idir béal *Abhainn an Mhuilinn* agus béal *Abhainn Tulaí*. (Foinse uisce)
7. Coláiste Uladh
 

Seo an teach inar bunaíodh Coláiste Uladh sa bhliain 1906 agus bhí an coláiste lonnaithe sa teach seo go dtí gur bhog sé go halla an pharóiste i 1909. Cuireadh leac chuimhneacháin ar an teach sa bhliain 1994 ag Cumann Staire Cloich Cheannfhaola. (Timpeallacht thógtha)
8. Cnoc na hArdadh Bige (OS 25”, Ordú 2011)
 

Cnocán atá suite ar an taobh thoir thuaidh den bhaile fearainn. (Talamh ard)
9. an Dam (P.ÓB)
 

‘Áit a bhí ag na daoine fadó ag déanamh líon. Bhí sruthán ‘na rith ann agus áit amháin bhí an t-uisge stopaidh aca.’ (Scoil Mhachaire Uí Rabhartaigh | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Foinse uisce)

10. Droichead na hAilte (CA, OS 25", Ordú 2011)

Droichead a théann thar *Abhainn Tulaí* ar an Bhóthar R257.

(Timpeallacht thógtha)

11. Droim na Searrach (L.ÓL)

(Talamh ard)

12. Gob na nArdadh (CA, OS 25", Ordú 2011)

Rinn a ghobann amach i mBá Bhaile an Easa ag an phointe is faide ó thuaidh den bhaile fearainn. (Foinse uisce)

13. Leaba Dhiarmada agus Ghráinne (CA, OS 25", OS 6", Ordú 2011)

Is tuama ursanach Neoiliteach é seo atá suite i ngairdín 250 méadar ó Bhá Bhaile an Easa agus arb é an tuama is faide siar é i sraith de thuamaí atá le fáil idir an ceantar seo aniar go Corrán Binne. Tá mionchuntas de na gnéithe a bhaineann leis an tuama seo le fáil in *Survey of the Megalithic Tombs of Ireland: Volume VI County Donegal* (Cody, 2002: 9-11). (Láithreán seandálaíochta).

14. Loch Lacha (OS 6", Ordú 2011)

Loch a luíonn ar an phointe is faide ó dheas den bhaile fearainn agus a bhfuil cuid de sna bailte fearainn seo a leanas; Sliabh na hArdadh Móire ar an taobh theas, Sliabh Mhachaire Uí Rabhartaigh ar an taobh thiar, Doire Chonaire ar an taobh thuaidh agus tá an cuid thoir i mbaile fearainn na hArdadh Móire. Soláthraíonn an loch an uisce do Ghort an Choirce agus An Fál Carrach (Uisce Éireann, 2017). (Foinse uisce)

15. Mín Charraige (CA, OS 25", Ordú 2011)

Tagraíonn seo don gheadán talún a fhaightear sa chuid thiar thuaidh den bhaile fearainn seo, ó dheas ó *Abhainn an Mhuilinn* san áit a chasann an abhainn soir go Bá Bhaile an Easa. (Talamh ard)

16. Oileán Uí Bhaoil (CA, Ordú 2011)

Is Oileán an-bheag amach ón Ardaidh Bheag i mBá Bhaile an Easa atá i gceist anseo. Tá caiseal ar an oileán a thógann an chuid is mó den spás atá le fáil ann (Lacey, 2012: 101). (Foinse uisce)

17. an Poll Mór (P.ÓB)

‘Poll a bhí ag na daoiní fad ó shoin ag baint gairbhéil. Rinneadh poll mór annsin ann agus mar sin de, tugadh an Poll Mór air.’ (Scoil Mhachaire Uí Rabhartaigh | Bailiúchán na Scol, 1937-1938). (Talamh íseal)

18. Tobar Cholm Cille (CA, OS 25”, OS 6”, Ordú 2011)

Tá an tobar seo suite díreach ar an taobh thoir de *Cnoc na hArdadh Bige*. “Tobar Cholm Cille consists of a stone-lined trough, 1.25m X 50cm and 75cm deep, behind which is a cairn of stones, at one end of which is a rough stone altar. It was believed by local people that Colum Cille had prayed here and the well water was favoured for the making of butter” (Lacey, 2012: 101). Tá sé de nós ag muintir na háite cruinniú ag an tobar seo go bliantúil ar Lá Fhéile Cholm Cille, ar 9ú lá den Mheitheamh (Ó Laoire, 2012: 159). (Láithreán seandálaíochta)

19. Trá Bhinn an Fhéich (CA, OS 25”, OS 6”, Ordú 2011)

Tugtar *Trá Bhinn an Fhéich* ar an chuid de Bhá Bhaile an Easa ar an taobh ó thuaidh de *Binn an Fhéich*, a théann i ndisc nuair a bhíonn an taoide amuigh. (Foinse uisce)

### **Gort an Choirce**

1. Baile Uí Giolla Chomhail (CA, OS 25”, OS 6”, Ordú 2011)

Is cosúil gur baile beag ann féin a bhí ann, ach tá sé mar chuid de bhaile Ghort an Choirce sa lá atá inniu ann. (Timpeallacht thógtha)

2. Baile Uí Mhaoilchiaráin (CA, OS 25”, OS 6”, Ordú 2011)

Cosúil le *Baile Uí Giolla Chomhail* tá cuma ar an scéal gur baile beag a bhí anseo, ach tá sé mar chuid de Ghort an Choirce anois. Tá sé suite ar an taobh thiar theas den bhaile fearainn. (Timpeallacht thógtha)



3. Cnoc Ghort an Choirce (CA, OS 25", Ordú 2011)

Cnocán atá suite ar an taobh thoir thuaidh den bhaile fearainn. (Talamh ard)

4. Droichead Bhedlam (OS 25", Ordú 2011)

Droichead a théann trasna Abhainn Ghleann Átha ar an taobh thoir de *Dún an Dálaigh*. 'This bridge probably originally dates to the end of the eighteenth century or to the start of the nineteenth century, a period when the road infrastructure was being extended substantially (with the subsequent construction of many bridges) by the Grand Juries, the forerunners of the County Councils. This bridge is an integral element of the built heritage and transport history of the Gortahork area, and is an appealing feature in the local landscape' (Buildings of Ireland, 2020). (Timpeallacht thógtha)

5. Droichead na Caillí (CA, OS 25", Ordú 2011)

Droichead ar an príomhbhóthar ar an taobh ó thuaidh de *Bhaile Uí Giolla Chomhaill*. (Timpeallacht thógtha)

6. Dún an Dálaigh (CA, OS 6", OS 25", M.NÍF)

"Dún an Dálaigh an t-ainm ceart atá air" dar le John Ó hEarcáin. Is é *Bedlam* a fhaightear ar na léarscáileanna ar fad agus a bhíonn in úsáid níos minice ag muintir na háite. Tugadh 'Bedlam' ar an áit seo siocair go mbíodh dhá theaghlach ina gcónaí ann a mbíodh ag troid lena chéile go minic agus bhí iomra ar an áit mar sin (Ó hEarcáin, 2006). Dar le Ó Connacháin, tháinig an t-ainm ar an áit mar gur throid tionóntaí na háite in éadan na saighdiúirí go géar nuair a rinneadh iarracht iad a dhíshealbhú óna gcuid tithe (Ó Connacháin, 2000, lch 68). Is cinnte go léirítear greann mhuintir Ghleann Átha sa logainm

seo, agus cuirtear i gcás i bhfoinse eile gur cuireadh an t-ainm ar an áit ‘ar an ábhar go raibh daoine ag dul as a meabhair ann’ (Ó Laoire, 2012: 160). (Timpeallacht thógtha)

7. Learga na Cille (CA, OS 25”, Ordú 2011)

“Larganakilla Graveyard, marked on the second and third editions of the OS six-inch sheet, could not be found during the archaeological survey in 1980. It was situated on high ground in pasture land east of the Glenna River”(Lacey, 2012: 103). (Foinse uisce)

### **An Ardaidh Mhór**

1. Loch Oireamhónáin (CA, OS 25”, OS 6”, Ordú 2011)

Lochán atá suite sa chuid thiar theas den bhaile fearainn seo, agus a bhfuil an chuid thiar de i mbaile fearainn na hArdadh Bige. (Foinse uisce)

2. an tOileán Riabhach (CA, OS 25”, Ordú 2011)

Oileán beag i mBá Bhaile an Easa ó thuaidh ón Ardaidh Mhór. (Foinse uisce)

3. an tOileán Cruinn (CA, OS 25”, Ordú 2011)

Oileáinín eile i mBá Bhaile an Easa, céad méadar ó dheas ón *Oileán Riabhach*. (Foinse uisce)

4. An Reannaigh Fhada (CA, OS 25”, Ordú 2011)

Geadán talún ar bhruach Abhainn Ghleann Átha sa chuid thoir den Ardaidh Mhór. “No trace of Rinnafadda Graveyard, marked on the second and third editions of the OS six-inch sheet, could be found during the Donegal archaeological survey in 1980. It was located on a promontory jutting into the estuary of the Glenna river. It was probably an unconsecrated burial ground but, if so, it could have been located at some sort of ancient enclosure such as a disused cashel” (Lacey, 2012: 101). (Foinse uisce)

### CAIBIDIL 3: ANAILÍS AR MHIONLOGAINMNEACHA GHLEANN ÁTHA

#### Rangú ar na míreanna

Nuair is mian anailís a dhéanamh ar mhíreanna a fhaightear i logainmneacha, bíonn gá le rangú a dhéanamh orthu chun iad a phlé taobh istigh de chatagóirí faoi leith. Níl aon bealach ceart ann i bhfírinne leis na catagóirí a chruthú, ach mar rangú ginearálta de ghnáth bíonn dhá mhórchatagóir; gnéithe fisiciúla agus gnéithe saorga.

Don tráchtas seo, úsáidfeadh an dá mhórchatagóir seo ach déanfar leasú dá bhfoclaíocht a fheileann níos mó de nádúr na mionlogainmneacha i nGleann Átha. Mar sin is iad an dá mhórchatagóir a mbainfeadh úsáid astu anseo ná *gnéithe fisiciúla agus logainmneacha nach mbaineann le gnéithe fisiciúla*. Baineann gnéithe fisiciúla le rud ar bith a bhfuil baint aige leis an timpeallacht nádúrtha agus atá saor ó thionchar an duine. Cuimseofar na fo-rangaithe seo a leanas mar chuid de mhórchatagóir na ngnéithe fisiciúla; (i) *logainmneacha a bhaineann le talamh ard*, (ii) *logainmneacha a bhaineann le talamh íseal*, (iii) *logainmneacha atá múnlaith ag uisce*, agus (iv) *logainmneacha a bhaineann le carraigeacha*. Tugann na gnéithe fisiciúla sna logainmneacha pictiúr dúinn faoin tírdhreach ar leith a bhaineann leis an cheantar. Baineann *logainmneacha nach mbaineann le gnéithe fisiciúla* le haon rud a bhfuil tionchar an duine le bráth ann. Cuimseofar na fo-rangaithe a leanas mar chuid de logainmneacha nach mbaineann le gnéithe fisiciúla; (i) *geadáin talún*, (ii) *logainmneacha a bhaineann leis an timpeallacht thógtha* agus (iii) *láithreáin seandálaíochta*. Tugtar eolas dúinn sna *logainmneacha nach mbaineann le gnéithe fisiciúla* maidir le stair an cheantair, le nósanna lonnaíochta na háite agus leis na modhanna maireachtála a cleachtadh ann le cúpla céad bliain.

#### Gnéithe fisiciúla

Cuimseofar idir chnoic, shléibhte agus dhromanna sa chatagóir *logainmneacha a bhaineann le talamh ard*. Baineann 82 logainm atá le fáil sa bhailiúchán seo leis an rangú seo, arb ionann sin agus 20.5 faoin gcéad de na logainmneacha ar fad

atá sa bhailiúchán seo ar fad. Faightear logainmneacha a thagraíonn do thalamh ard ar fud Cheantar Ghleann Átha ar fad agus tá go leor míreanna éagsúla in úsáid iontu.

Is í *ard* an mhír is coitianta sa chatagóir seo a bhfuil 49 sampla de sa bhailiúchán a thagraíonn do thalamh ard agus is ionann an méid sin agus 59.7 faoin gcéad de na logainmneacha atá sa chatagóir seo. Faightear an mhír san uimhir uatha *ard*, san uimhir iolra *airde* agus mar fhoirm dhíspeagtha *ardán*. Bíonn an ghné seo le fáil i bhfoirmeacha éagsúla; cuirtear le haidiacht í le cur síos a dhéanamh ar an ghné féin in ainmneacha mar *an t-Árd Donn*, cuirtear i dteannta le gnéithe eile í i samplaí mar *Árd an Gharraidh*, faightear an ghné in éineacht le hainmneacha pearsanta ar nós *Árd Dhomhaill Néid* agus le hainmneacha ainmhithe mar *Árd na gCoinín*. Is í *cnoc* an dara mír is coitianta sa rangú seo le naoi sampla de le fáil sa bhailiúchán. Cuirtear *cnoc* in éineacht le gné eile sa ghinideach mar *Cnoc na gCloch* i ngach ceann acu seachas *Cnoc Ghort an Choirce*. Tá ceithre shampla den mhír *cruach* le fáil, a bhfuil dlúthbhaint ag an mhír le Contae Dhún na nGall go háirithe. Tá clú ar an mhír sa chontae mar gheall ar na Cruacha Gorma. Faightear 71 sampla de logainmneacha a bhfuil *cruach* iontu i mbunachar *logainm.ie* atá suite i nDún na nGall, cé nach bhfuil ach 153 sampla le fáil ann ar fud na tíre. Ní hionadh ar bith é mar sin go bhfuil roinnt samplaí den mhír le fáil sa bhailiúchán seo.

Is nós measartha coitianta i logainmneacha na hÉireann baill choirp a úsáid mar mhíreanna iontu. Faightear *droim* faoi thrí mar mhír sa chatagóir seo, arb é an mhír is coitianta i logainmneacha na hÉireann a dhéanann cur síos díreach ar ghné aiceanta tíre (Ó Maolfabhail, 1985: 22). Ar an lámh eile tá dhá shampla shaoithiúla den fhocal *trosc* in úsáid mar mhír sa cheantar seo i logainmneacha a thagraíonn do chnoic. Bhí an mhíniú seo ag P. W. Joyce don fáth go n-úsáidtear ainm éisc mar mhír i logainmneacha:

..in some cases the intelligent old Irish speakers believe that the mountain is so called from a fancied resemblance to the cod's back which is likely true (like Muckish, pig's back). But in many cases the name is given simply from the abundance of the fish in the adjacent sea (Joyce, 1913: 586).

Tá roinnt mílte idir an fharraige agus an áit a bhfuil an dá shampla den mhír seo suite i gCeantar Ghleann Átha, agus is dóichí ná a mhalairt gur cuireadh *trosc* ar na cnoic seo as siocair na cosúlachta idir iad agus cuma na dtrosc.

Tá fáil ar an mhír *binn* faoi thrí mar mhír a thagraíonn do thalamh ard agus faightear leaganacha den mhír *mullach* faoi dhó. Faightear *mín* mar mhír i dtrí logainm sa chatagóir seo, ar a dtugadh an mhíniú ‘smooth green spot on a mountain or in rough land’ in *Irish Place Names* (Flanagan, D. agus Flanagan, L., 1994: 121). Is mír í seo a bhfuil dlúthbhaint aici le lathuaisceart na tíre agus le Tír Chonaill go háirithe. Aithnítear an méid seo in *Irish Place Names*, ‘..while it does occur in other parts of the country, its concentration in Co. Donegal and the fringes of adjoining counties is spectacular’ (Flanagan, D. agus Flanagan, L., 1994: 122). Tá tionchar láidir ag na mínte atá i gCeantar Ghleann Átha ar na lonnaíochtaí is faide ón chósta agus is cóngaraí do na sléibhte mar a phléifear níos moille sa chaibidil seo.

Áirítear loig, gleannta agus poill mar chuid de na *logainmneacha a bhaineann le talamh íseal*. Tá 32 sampla de logainmneacha sa chnuasach seo a bhaineann le talamh íseal, nó ocht faoin gcéad den fhiigiúir iomlán. Is coitianta i bhfad an ghné *lag* ná aon ghné eile sa chatagóir seo, a bhfuil fáil uirthi 22 uair sa chnuasach. Bíonn feidhmeanna éagsúla ag an mhír; i roinnt samplaí faightear aidiacht leis, a dhéanann cur síos ar an ghné féin mar *Lag Ghorm*; faightear tagairtí do ghnéithe eile ar nós *Lag an Mhullaigh Bhig*; tugtar nod d’ainmhí in ainmneacha mar *Lag an Eallaigh* agus faightear ainm duine mar cháilitheoir i samplaí cosúil le *Lag Fheidhlimidh*. Faightear *poll* mar mhír a thagraíonn do thalamh íseal dhá uair agus tá fáil ar *ailt*, *céim* agus *sraith* uair amháin sa chatagóir seo chomh maith.

Tá fáil ar ghnéithe mar locha, srutháin agus aibhneacha mar chuid de na *logainmneacha atá múnlaith ag uisce* agus airítear gnéithe eile ar nós cinn tíre agus oileáin sa rangú seo fosta. Cuimsítear 68 logainm ón bhailiúchán mar chuid den rangú seo, arb ionann é sin agus 17 faoin gcéad den iomlán. Feictear an mhír *sruthán* beagnach den am agus 29 sampla de le fáil mar thagairt d’fhoinsé uisce

agus a bhfuil an mhír féin le fáil 34 uair sa bhailiúchán seo ar fad. Cuirtear an mhír le haidiachtaí le cur síos a dhéanamh ar an sruthán féin mar *an Sruthán Beag*, a bhfuil fáil ar an logainm seo faoi leith trí huair. Is minic a dhéantar tagairt don uisce féin ritheann sa sruthán i samplaí ar nós *an Sruthán Dubh* agus *Sruthán an Uisce Ruaidh*. Ainmníodh roinnt mhaith srutháin mar gheall ar ghnéithe eile mar a rinneadh le *Sruthán an Éadan Bháin* agus *Sruthán an Droichid Bhig* agus cuirtear an mhír le sloinne uair amháin sa logainm *Sruthán Shearcaigh*. Tá dhá sruthán ar a laghad atá ainmnithe mar gheall ar na locha lena mbaineann siad; *Sruthán Loch an Ghrotha* agus *Sruthán Altán*. B'fhéidir go bhfuil baint idir *Sruthán na Gainimhe* agus *Loch an Ghainimh* chomh maith.

Tá 14 sampla den mhír *loch* sa tráchtas seo agus is minic a dtagraíonn siad do mhíreanna eile mar dhéantar leis na hainmneacha *Loch an Troisc* agus *Loch an Chnoic*. Tá *Loch Chaiseal na gCorr*, *Loch Bhaile na Créige* agus *Loch na Craoibhe* ainmnithe de bharr na mbailte atá suite in aice leo. Faightear tagairt don chuma atá ar an loch in *Loch Dubh* agus tá tagairt d'ainmhí le fáil mar mhír thánaisteach in *Loch Lacha*. Mar luadh i gCaibidil 2, is sampla faoi leith é *Loch an Chrupáin* sa dóigh is go tagraíonn sé d'aicíd a bhaineann le hainmhithe. Is é an rud atá i gceist le 'crupán', ná galar uireasa ar a dtugtar *bog crook* air i mBéarla na hÉireann a thagann ar ainmhithe nuair a bhíonn easpa fosfair ina n-aiste bia acu (Merriam-Webster, 2020). Tá cúig logainm a bhaineann leis an chatagóir seo a bhfuil *abhainn* mar mhír iontu (gan *Abhainn Ghleann Átha* a thabhairt san áireamh) agus faightear trí shampla den mhír *oileán* sa cheantar, ar oileáiníní iad ar fad atá suite i mBá Bhaile an Easa. I measc na ngnéithe nach foinsí uisce iad ach atá múnlaith ag uisce, tá *Binn an Fhéich*, *Trá Bhinn an Fhéich*, *Gob na nArdadh*, *Learga na Cille* agus *an Reannaidh Fhada*. Tá logainmneacha sa chatagóir seo atá ainmnithe i ndiaidh gnéithe eile ar fad nach mbaineann le foinsí uisce ar chor ar bith ar nós *an Duibheagán*, *an Ált* agus *an Leac Bhuidhe*. Cláraíodh na logainmneacha seo i mBailiúchán na Scol mar srutháin.

Is é an cheathrú fo-chatagóir a bhaineann le gnéithe fisiciúla ná *logainmneacha a bhaineann le carraigeacha*. Cuimsíonn an rangú seo logainm ar bith a bhaineann

le carraigeacha agus clocha. Tá 22 logainm ón bhailiúchán seo a bhfuil baint acu le carraigeacha, nach gcuimsíonn ach 5.5 faoin gcéad de na logainmneacha ar fad. Tá deich logainm a bhfuil leagan den fhocal *creig* mar mhír iontu agus is í an mhír is coitianta sa chatagóir seo í. I ngach ceann acu faightear leagan den mhír agus aidiacht mar mhír thánaisteach, mar *an Chreig Ruadh* agus *Creagacha Gorma*, seachas *Chreag Néill* a bhfuil ainm pearsanta in úsáid mar cháilitheoir. Faightear *carraig* mar mhír i logainmneacha sé n-uaire sa chatagóir seo.

#### Logainmneacha nach mbaineann le gnéithe fisiciúla

Is é an rud atá i gceist le *geadáin talún* ná páirceanna agus ranna eile talún atá múnlaith ag daoine le himeacht na mblianta. Is ionann an rangú seo agus 158 logainm, nó 39.5 faoin gcéad de na logainmneacha ar fad atá bailithe sa taighde seo. Ní hionadh gurb í *páirc* an mhír is coitianta sa chatagóir agus is í an dara mír is coitianta sa bhailiúchán ar fad í, a bhfuil 50 sampla den mhír le feiceáil ann. Is minic a gcuirtear aidiacht mar mhír thánaisteach le cur síos a dhéanamh ar an pháirc féin i gcásanna mar *an Pháirc Bhog*, *an Pháirc Gharbh* agus *an Pháirc Mhór*. Is minice arís a dtagraíonn an dara cuid den logainm a bhfuil *páirc* mar phríomhmhír ann do ghnéithe eile atá i gcomharsanacht na páirce, mar *Páirc na gCloch Mór*, *Páirc Loch Beag*, agus *Páirc an Átha*. Tá roinnt ainmneacha a bhfuil *páirc* mar mhír iontu ina bhfeidhmíonn an dara cuid den logainm mar bhealach le hidirdhealú a dhéanamh idir páirceanna eile, mar a dhéantar le *an Pháirc Láir* agus *an Pháirc Uachtarach*. Tá líon beag páirceanna atá ainmnithe mar gheall ar dhaoine ar úinéirí na bpáirceanna sin iad nó a bhfuil baint éigin acu leis an pháirc, is cosúil. Feictear é seo sna hainmneacha *Páirc Shearcaigh*, *Páirc Cholm* agus *Páirc Dhonnchada*. Tá cúpla logainm a bhfuil *páirc* mar mhír iontu atá níos samhlaíche ná na cinn eile; *Páirc na nDaoine Beaga* agus *Páirc Chró an tSaighdiúr*.

Is í an dara mír is coitianta sa rangú seo ná *cuibhreann*, ar a dtugtar an mhíniú ‘a tilled field; an enclosed piece of ground’ air i bhfoclóir Uí Dhuinnín. Is léir go bhfuil dlúthbhaint idir an mhír agus córas na rondála agus déanfar suntas na míre

seo a phlé i gcomhthéacs an chórais seo níos moille sa chaibidil seo. Faightear *cúl* mar mhír sa chatagóir seo seacht n-uaire, agus tá *srath*, *abair* agus *léana* le fáil faoi cheathair. Tá ar a laghad 48 logainm a thiteann faoin chatagóir seo nach bhfuil tagairt ar bith le fáil sa logainm féin don gheadán talún ach atá ainmnithe mar gheall ar ghné eile. Tá cúig ainm páirce a bhfuil *sruthán* mar mhír iontu mar atá in *an Sruthán Ard*; cúig logainm eile a bhfuil *ard* mar mhír iontu ar féidir *an t-Árd Mullaigh* a lua mar shampla de, agus tá trí ainm páirce a bhfuil *binn* mar phríomhmhír iontu, cosúil le *Binn an Aoil*. Léiríonn na samplaí seo nach mbaineann an tábhacht céanna in ainmneacha páirce leis an mhír féin a ainmniú i gcomparáid le gnéithe eile agus feictear solúbthacht níos mó leis na hainmneacha páirce. Cuirtear seo in iúl arís nuair a thugtar faoi deara go bhfuil dhá ainm páirce a bhfuil an réamhfhocal faoi in úsáid mar mhír iontu; *Faoin Bhinn* agus *Faoin an Gharraí*. Tá an réamhfhocal céanna le fáil i roinnt ainmneacha páirce ar nós *Cuibhreann Faoin Árd na Páirce*, ina bhfeidhmíonn an réamhfhocal mar nod don suíomh lena mbaineann an pháirc sin.

Baineann logainmneacha atá mar chuid den *timpeallacht thógtha* le gnéithe ar nós foirgnimh, lonnaíochtaí agus droichid. Faightear 31 logainm sa tráchtas seo a bhaineann leis an timpeallacht thógtha ar lonnaíochta 19 ceann acu, ar droichid sé cinn acu, ar tithe trí cinn acu agus tá dhá logainm eile a bhaineann le gnéithe eile. Is í *baile* an mhír is coitianta i dtaobh na timpeallachta tógtha de agus sé sampla den mhír le feiceáil sa bhailiúchán. Tá ceithre shampla ina gcuirtear *baile* le gné eile mar cháilitheoir, mar a dhéantar le *Baile na Creige*. Tá dhá shampla lena gcuirtear ainm pearsanta leo; *Baile Uí Mhaoilchiaráin* agus *Baile Uí Giolla Chomhaill*. Tá ceithre lonnaíocht a bhfuil *mín* mar mhír iontu agus is neamhiontach an scéal gurb é *droichead* an mhír atá in úsáid do na droichid ar fad sa bhailiúchán. Tagraíonn an dara mír i ngach ceann acu do ghné eile mar *Droichead Fhána Bhuí*, seachas *Droichead na Caillí*. Is soiléir ón chatagóir seo gur nós coitianta aidiachtaí a dhéanann cur síos ar shuíomh na logainmneacha a chur le logainmneacha atá ann cheana féin, chun idirdhealú a dhéanamh idir lonnaíochtaí atá suite in aice lena chéile. I measc na samplaí a léiríonn an nós seo



tá an Bhealtaine Uachtarach agus an Bhealtaine Íochtarach; Fána Bhuí Uachtarach agus Fána Bhuí Íochtarach; agus Caoldroim Uachtarach, Caoldroim Láir agus Caoldroim Íochtarach.

Faightear seacht láithreán seandálaíochta sa cheantar, nach gcuimsíonn ach 1.75% de na logainmneacha ar fad atá sa bhailiúchán seo agus a bhfuil *Leaba Dhiarmada agus Ghráinne* ar dhá cheann acu. Úsáidtear na míreanna *caiseal, dún, carn* agus *tobar* i láithreáin seandálaíochta eile chun tagairt a dhéanamh díreach don mhír féin. Tá eisceacht amháin san ainm *Ard Bán*, nach dtagraíonn an logainm don ghné féin ach a dtagraíonn do ghné eile.

#### Gníomhaíocht na ndaoine sna logainmneacha

Tá roinnt de na mionlogainmneacha sa bhailiúchán seo a thugann pictiúr dúinn maidir le gníomhaíocht na ndaoine sa cheantar. Faightear léargas ar tháirgeadh bia, ar chleachtas feirmeoireachta agus ar chomhghníomhaíochas mhuintir Ghleann Átha i go leor de na mionlogainmneacha.

Mar shampla amháin ar chleachtas na ndaoine sa cheantar, thiocfadh úsáid na n-áitheanna a lua mar uirlis chun coirce a thriomú agus chun aol beo a tháirgeadh chomh maith. Bhí sé áith déag le fáil sa cheantar ar an eagrán sé orlach den léarscáil stairiúil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis ó lár na naoú aoise déag. Ar ndóigh, tá tagairt don choirce le fáil in ainm an bhaile is mó sa cheantar *Gort an Choirce*, ach faightear tagairt d'áitheanna agus d'aol sna mionlogainmneacha seo a leanas; *Árd na h-Áithe*, *Sruthán na Cloiche Aoil*, *Binn an Aoil* agus *Páirc an Aoil*. Léiríonn na logainmneacha gur bhain tábhacht mhór leis na háitheanna san am a chuaigh thart i gCeantar Ghleann Átha.

Bhí poitín mar dheoch fíorchoitianta sa cheantar sna laethanta a bhí, rud atá dearbhaithe ag Micí Mac Gabhann in *Rotha Mór an tSaoil*; 'Cha rabh sruthán ná sileán san áit nach rabh cró stíle déanta ag n-a thaobh' (Mac Gabhann, 1996: 21). Ní amháin gur óladh é mar chuid de chaitheamh aimsire na ndaoine, ach bhí sé mar chóir leighis ag na daoine. Tá sé luaite ag Micí Mac Gabhann gur baineadh úsáid as chun ruaig a chur ar an fhiabhras san am sin nuair nach raibh cuidiú

leighis ar bith eile ar fáil do ghnáthmhuintir na tuaithe. Maireann tionchar an phoitín i mionlogainm amháin sa bhailiúchán seo; *Sruthán Chró na Stil*, ar léir gur baineadh úsáid as uisce ón sruthán chun poitín a dhéanamh agus gur báistíodh an t-ainm seo ar an sruthán seo dá bharr.

Is iarsma é *Stáisiún Chaiseal na gCorr* den bhóthar iarainn a bhí measartha fairsing i nDún na nGall agus a cheangal Iarthuaisceart an chontae ó Ailt an Chorráin go Doire. Osclaíodh an líne ó Ailt an Chorráin, a d'fhreastail ar Stáisiún Chaiseal na gCorr i 1903, agus ba sa bhliain 1940 a stad an traein don uair dheireanach ann. Cuid den pholasáí 'killing Home Rule by kindness' de chuid Príomh-Aire na Breataine Arthur James Balfour ag an am a bhí san infheistíocht a rinneadh i dtionscadail mar seo in Éirinn, mar thoradh ar bhunú Bhord na gCeantar Cúng sa tír (Ó Conchubhair, 1941: 477). Ní amháin gur sholáthair an bóthar iarainn seirbhís iompair áisiúil do dhaoine san áit iargúlta seo, ach bhí sé mar fhoinsé fhostaíochta do mhuintir an cheantair nuair a bhí an tógáil ar siúl agus ba amhlaidh leis an stáisiún féin nuair a osclaíodh é. Ag an am ba ghnóthaí den obair tógála ar an líne bhí 600 ag obair ar an tionscadal (Sweeney, 2013: 405). Maireann foirgneamh an stáisiúin mar mheabhrú ar an tseirbhís a bhí ar fáil i nDún na nGall tráth agus léiríonn sé an easpa infheistíochta a cuireadh isteach i mbonneagair an chontae ó shin i leith. Is iarsma d'fhoinsé fostaíochta tábhachtach eile iad *na Mianaigh* ar an Chaoldroim Uachtarach agus thioctadh tagairt a dhéanamh do *Abhainn an Mhuilinn* mar áit eile a bhfuil gníomhaíocht mhuintir na háite le sonrú ann. Léiríonn *Lag na mBachtaí* go bhfuil baint idir an logainm agus móin a bhaint san áit sin.

Tá córas na rondála pléite i gCaibidil 1 agus is pointe suimiúil é go bhfuil tionchar an chórais sin le feiceáil i roinnt de na mionlogainmneacha sa bhailiúchán seo. Ba é 'roinn cuibhrinn' an téarma a bhí ag Micí Mac Gabhann i *Rotha Mór an tSaoil* ar na páirceanna beaga a bhí roinnte suas ag na daoine sa chóras seo, agus faightear *cuibhreann* mar mhír i naoi n-ainm páirce sa cheantar. Tá córas na rondála ceangailte le cleachtas feirmeoireachta eile; an buailteachas, ar gnás coitianta a bhí ann sa cheantar seo lena cuireadh eallaí ar fhéarach sléibhe nó

*mínte* i rith an tsamhraidh chun leas a bhaint as an fhéar ann. Baineadh úsáid as an bhuailteachas chun seans a thabhairt do na barra dul i méid gan beostoc ag cur isteach orthu. Tá roinnt mionlogainmneacha luaite i gcuntas Niall Uí Dhubhthaigh ar an bhuailteachas idir *Árd na Seamar, na Trí Píopa agus an Sruthán Geal*. Tagraíonn na hainmneacha *Árd an Bhuailte, Árd na mBothóg agus Binn na mBóthogh* don bhuailteachas chomh maith.

Tá dornán mionainmneacha sa cheantar a bhfuil *mín* mar mhír iontu agus ar lonnaíochtaí iad, cosúil le *Mín na Craoibhe* agus *Mín an Leá*. Tá sé pléite cheana go bhfuil baint ag an mhír seo le féarach sléibhe agus is dócha go bhfuil baint aici leis an bhuailteachas chomh maith. Is dóichí ná a mhalairt gur buailí a bhí sna lonnaíochtaí seo ar dtús báire agus nach raibh cónaí iontu taobh amuigh do shéasúr an bhuailteachais. Dé réir mar a mhéadaigh daonra an cheantair agus brú ar na daoine áit chónaithe a aimsiú, ba réiteach a bhí indéanta é buanchónaí a dhéanamh sna lonnaíochtaí seo. Nuair a scaip an práta mar bhia in Éirinn san ochtú haois déag, fuarthas amach go bhfásfadh sé i dtalamh nach raibh rómhaith i gcomhair barra eile. Chuidigh an t-athrú sin leis na lonnaíochtaí buana sna cnoic. Bhí beartas ag na tiarnaí sa naoú haois déag i ndiaidh an Ghorta go háirithe, gabháltáis úra a bhunú ar thalamh a bhí ina choimín roimhe sin. Cuireadh i gcoinne na dtiarnaí i gceantair a raibh an Ghaeilge níos láidre agus an chultúr ghaelach níos láidre iontu agus bhí go leor achrainn go háirithe i nGaoth Dobhair agus i gCloich Chionnaola mar thoradh ar an bheartas seo. I gcás na mbuailí, bunaíodh clacháin iontu agus cuireadh córas na rondála i bhfeidhm iontu agus tá seo le sonrú sna hiarsmaí den chóras i *Mín na Craoibhe* a rinne Estyn Evans anailís orthu (Anderson, 2013: 184). Aontaíonn Charles Doherty leis an bharúil gur buailí i dtús báire go leor lonnaíochtaí ar nós *Mín na Craoibhe*; ‘The settlements would seem to have started life as summer grazing ground and were part of the system of transhumance’ (Doherty, 2000: 59). Mar atá pléite i gCaibidil 1, bhí Díshealbhú Ghleann Bheatha ar an eachtra ba mhó a mhaireann cuimhne air sa tréimhse sin. Níos maille in 1889, cuireadh baghcat Chonradh na Talún i bhfeidhm i gCloich Chionnaola.

### Ainmneacha pearsanta agus sloinnte sna logainmneacha

Tá naoi logainm sa bhailiúchán a bhfuil ainm pearsanta luaite iontu agus tá ocht logainm eile a bhfuil sloinnte luaite iontu. Tugann na hainmneacha atá luaite léargas dúinn maidir le cérbh iad na daoine a bhí ina gcónaí i nGleann Átha san am a chuaigh thart. Tá sé le tabhairt faoi deara go dtugtar ainmneacha pearsanta níos minice ar mhionghnéithe sa cheantar cosúil le cnocáin, carraigeacha agus páirceanna. Thioctadh *Árd Dhomhnaill Néid*, *Chreag Néill* agus *Páirc Dhonnchada* a lua mar shampla air seo agus tá páirc amháin a bhfuil sloinne mar cháilitheoir uirthi; *Páirc Shearcaigh*. Ar an lámh eile, ní bhaistear ainmneacha pearsanta ar ghnéithe níos suntasaí nó níos buaine ar nós lonnaíochtaí agus gnéithe fisiciúla níos suntasaí. Cuirtear sloinne ar na gnéithe seo, mar a fheictear sna lonnaíochtaí *Baile Uí Giolla Chomhaill* agus *Mín Uí Chuireáin*, agus i ngnéithe fisiciúla mar *Oileán Uí Bhaoill* agus *Sruthán Shearcaigh*.

### An Béaloideas agus an Mhíotaseolaíocht sna logainmneacha

Tá tionchar an bhéaloidis le brath ar go leor logainmneacha sa chnuasach seo. Ar leibhéal bunúsach, feictear rian an bhéaloidis ar an ainm páirce *Páirc na nDaoine Beaga* agus san ainm *Droichead na Caillí*. Tugann an dá logainm a bhaineann le scéal Bhinn an Mharcais (*Binn an Mharcais* agus *Sraith na Bratóige*) léiriú ar an cheangal idir an béaloideas agus an dinnseanchas i nGleann Átha. Léiríonn na samplaí seo gur creideadh sa síogaí agus sa saol eile, nó ar a laghad go raibh traidisiún finscéalaíochta láidir sa cheantar. Is léir go raibh tionchar faoi leith ag na finscéalta ar shamhlaíocht mhuintir na háite agus ar logainmneacha an cheantair mar thoradh air sin.

Diomaite de na logainmneacha seo, tá tionchar áitiúil na scéalta Fiannaíochta curtha in iúl ag an méid logainmneacha a thagraíonn do scéal Thóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne. Faightear trí logainm a bhfuil *Leabaidh Dhiarmada* mar ainm orthu; ceann amháin a thagraíonn do chnoc, ceann eile a thagraíonn do chloch agus ceann eile ar ainm páirce é. Tá an dá láithreán seandálaíochta a bhfuil *Leaba Dhiarmada agus Ghráinne* orthu sa cheantar chomh maith. Léiríonn

méid na logainmneacha a thagraíonn do na scéalta Fiannaíochta go raibh tionchar ag na scéalta ar mhuintir na háite agus gur mhúnlaigh siad na scéalta sin dá gceantar féin, agus ainmníodh roinnt rudaí sa cheantar dá bharr sin. Bronntar gradam agus cumhacht ar leith do na logainmneacha seo mar thoradh ar na hainmneacha iomráiteacha de chuid na miotaseolaíochta a cheangal leo agus léirítear gurb áiteanna iad a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo.

Tá tionchar na Críostaíochta le brath i roinnt mionlogainmneacha sa cheantar seo fosta. Tá an dá logainm *Tobar Cholm Cille* agus *Carraig Fionán* le fáil, a thaispeánann rian na naomh áitiúil ar Ghleann Átha. Rinneadh tagairt i gCaibidil 1 don scéal maidir le bunú na láithreacha naofa thart ar Iarthuaisceart Thír Chonail agus is léir ón dá logainm seo gur mhair seanchas na gceithre naomh san áit. Bíodh sin mar atá, tá tagairtí do na naoimh ar fad atá sa scéal le fáil i go leor de na hainmneacha atá ar thithe an phobail, ar scoileanna agus ar láithreáin naofa eile sa mhórchéantar. Fós féin, is pointe an-suimiúil é go ndeachaigh siad i bhfeidhm ar mhionlogainmneacha an bhailiúcháin seo.

Tá roinnt mionlogainmneacha i nGleann Átha a bhfuil dlúthbhaint acu le ceiliúradh na bhféilte áitiúla go dtí lár na naoú aoise déag. Cruinníodh muintir Ghleann Átha ar Charn Traonach agus ar ‘Cnoc na Bealtaine’ gach bliain ar an chéad Domhnach do mhí Lúnasa ar lá ar a dtugadh ‘Domhnach na bhFraochóg’ air. Cruinníodh daoine óga ar an dá chnoc sin, thabharfadh siad bia leo agus caitheadh siad an lá ag ceol, ag damhsa agus ag piocadh na bhfraochóg. I dtaobh Cnoc na Bealtaine de, dar le Máire MacNeill is cnoc atá suite míle go leith ó dheas ó Ghort an Choirce agus seans gur ainm eile é ar *Cnoc an Mháma*, a bhfuil cuid de suite sa Bhealtaine Íochtarach (MacNeill, 2008: 141-142).

#### Ainmhithe i mionlogainmneacha Ghleann Átha

Tá cúig mhionlogainm déag i nGleann Átha ina bhfaightear tagairt d’ainmhí iontu idir ainmhithe fiáine, beostoc agus peataí. Tagraíonn an dá logainm *Droim na Searrach* agus *Lág an Eallaigh* do bheostoc agus tá tagairt do pheata le fáil sa logainm *Roinn an Mhadaidh*. Is eol don saol mór go mbíodh tábhacht mhór ag

baint leis na ba do mhuintir thuaithe na hÉireann sa tseanam mar fhoirse bia; de thairbhe a gcuid bainne agus a gcuid feola agus cleachtadh nós ar a dtugtar ‘an fholadóireacht’ sa cheantar chomh maith. Meascán d’fhuil eallaigh agus min choirce a bhí i gceist leis seo agus b’as ainmhí beo a bhaintí an fhuil leis an bhia seo a dhéanamh (Ó Laoire, 2000: 82). Tá neart fianaise le fáil in *Buailteachas i dTír Chonaill* den tábhacht a bhain le capaill san am a chuaigh thart i nGleann Átha mar mhodh iompair agus d’obair talmhaíochta fosta.

Tá trí logainm déag a thagraíonn d’ainmhithe fiáine; dhá logainm a bhaineann le hainmhithe a mhaireann ar an talamh, trí logainm a bhaineann le héisc agus seacht logainm a bhaineann le héin éagsúla. Is iad *Árd na gCoinín* agus *na Brocachaidhe (na Brocacha)* na hainmneacha a bhaineann le hainmhithe a mhaireann ar an talamh agus is ainmhithe coitianta iad a bhfuil fáil orthu ar fud na tíre. Is dócha go dtugann na hainmneacha *Loch an Troisc*, *Abair na Geasann* agus *an Sruthán Truisg* eolas dúinn maidir leis na héisc a mhaireann sna foinsí uisce úd. É sin ráite, seans gur tagairt do *an Trosc Mór* atá i gceist le *Loch an Troisc* mar go bhfuil an loch suite in aice an chnoic. Tagairt a bheadh in *an Sruthán Truisg* do *Loch an Troisc* ina dhiadh sin, ar ndóigh.

I measc na seacht logainm a thagraíonn d’éin éagsúla tá *Árd na Fáire*, *Carn Traonach*, *Binn an Fhéich*, *Loch Lacha*, *Caiseal na gCorr*, *Binn na Fáinleoige* agus *Páirc na Fáire*. Tá léiriú den éagsúlacht a bhaineann le héin an cheantair seo le fáil sna samplaí seo. Áit mhór do na traonaigh í Dún na nGall agus faightear dhá logainm sa chontae a thagraíonn dóibh agus tá *Carn Traonach* ar cheann amháin acu (Mac Coitir, 2015). Tháinig titim ollmhór ar líon na dtraonach in Éirinn le cúpla glún anuas agus tá Bá Bhaile an Easa mar chuid den líon beag áiteanna gur féidir iad a fheiceáil anois (Mac Laughlin, 2013: 82). Is éin thábhachtacha iad na fiacha, na fáinleoga agus na corra i gcultúr na hÉireann agus ní hionadh go bhfaightear tagairtí dóibh i mionlogainmneacha an cheantair seo mar sin.

## Anailís ar dhéantús logainmneacha Cheantar Ghleann Átha

Is féidir leis an déantús atá ag logainmneacha ó thaobh na gramadaí de go leor rudaí éagsúla a insint dúinn- go háirithe i dtaobh ársaíocht na logainmneacha. Feicfear anseo cad iad na struchtúir atá ar mhionlogainmneacha Cheantar Ghleann Átha agus cad a insíonn na struchtúir seo dúinn faoin cheantar.

As an 400 logainm atá sa bhailiúchán seo, is coitianta i bhfad an déantús *ainmfhocal + alt + ainmfhocal cáilithe* ná aon struchtúr eile agus 140 sampla den struchtúr seo le fáil ann. Is féidir *Loch an Chrupáin* a lua mar shampla ar an struchtúr seo i mionlogainmneacha an cheantair seo. Dar le Tempan tá seo ar cheann de na déantúis is úire i logainmneacha na hÉireann mar nár bhfuair sé aon sampla den struchtúr go dtí an deichiú haois i gcomhthéacs na míre *ros* (Tempan, 2008: 19).

Is é an dara struchtúr is coitianta sa bhailiúchán seo ná *alt + ainmfhocal + aidiacht*, a bhfuil 80 sampla de le fáil ann. Thioctadh *an t-Ardán Beag* a úsáid mar shampla ar an struchtúr. Faightear an déantús *alt + ainmfhocal* 45 uair in ainmneacha ar nós *an Chruach*. Is struchtúr measartha úr é dar le Tempan mar go bhfaightear an struchtúr seo i gcomhthéacs na míre *ros* ón deichiú haois ar aghaidh (Tempan, 2008: 19).

Tá *ainmfhocal + aidiacht* ar an cheathrú struchtúr is coitianta i mionlogainmneacha Ghleann Átha agus 34 sampla le fáil sa bhailiúchán seo. Fuarthas samplaí den struchtúr seo i gcás na míre *ros* ón chúigiú haois i leith agus tá *Loch Dubh* ar cheann de na samplaí de sa bhailiúchán seo (Tempan, 2008: 19). Tá 24 sampla den struchtúr *ainmfhocal + alt + ainmfhocal + aidiacht* (cosúil le *Lag an tSeasgain Bháin*), 21 sampla de *ainmfhocal + ainm pearsanta* (sloinnte agus ainmneacha baiste) ar nós *Mín Uí Chuireáin* agus faightear ainmfhocal leis féin mar logainm deich n-uaire in ainmneacha mar *Scraith*. Tá roinnt mhaith struchtúir eile le fáil sa bhailiúchán seo chomh maith, idir *alt + uimhir + ainmfhocal* (na *Trí Píopa*) a fhaightear ceithre huair, *ainmfhocal + ainmfhocal +*

*ainmfhocal* a fhaightear faoi cheathair (*Páirc Loch Beag*) agus *ainmfhocal + ainmfhocal + aidiacht* a fhaightear faoi dhó (*Druim Pholla Mór*).

Tá trí shampla de logainmneacha a bhfuil comhfhocal mar mhír iontu sa bhailiúchán seo agus is é *Caoldroim* an comhfhocal a fhaightear iontu ar fad. Níor tháinig na míreanna tánaisteacha (*Uachtarach, Lár, Íochtarach*) isteach go dtí go raibh gá leis an áit a roinnt agus go raibh idirdhealú de dhíth eatarthu mar sin, mar atá pléite i gCaibidil 2. Tá sé maíte ag Mac Giolla Easpaig gurb é seo an struchtúr is sine maidir le déantús logainmneacha na hÉireann. Ba struchtúr táirgiúil é go dtí gur thosaigh meath ag teacht ar an struchtúr sin ó 400 AD i leith (Mac Giolla Easpaig, 1981 in Toner, 1999: 5).

Tá go leor déantúis ag logainmneacha eile nach bhfuil luaite go dtí seo chomh maith. Tá cuid acu simplí go leor cosúil le *Binn an Mharcais*, a bhfuil an struchtúr *ainmfhocal + alt + ainm pearsanta* ag baint leis, nó *Ardán Mhór Uí Bhaoighill* atá beagnach mar an gcéanna seachas go bhfuil aidiacht curtha i ndiaidh an ainmfhocail. Tá roinnt acu atá i bhfad níos neamhchoitianta i logainmneacha agus nach mbeadh fáil orthu ach amháin i mionlogainmneacha faoi leith ar nós páirceanna, b'fhéidir. Faightear réamhfhocail mar mhír i roinnt de na logainmneacha sa chnuasach seo; ar bhealach simplí go leor cosúil le *Faoin Bhinn*, nó ar bhealaigh níos casta ar nós *Cuibhreann Faoi Árd na Páirce* agus *Páirc faoi an Gharadh*. Tá feidhm ar leith ag an réamhfhocal 'faoi' sna logainmneacha seo mar go n-insíonn sé dúinn cén áit a bhfuil an logainm (páirceanna sna cásanna seo) suite i gcomhthéacs logainmneacha eile.



## CONCLÚID

Maidir leis na gcuuspóirí a bhain leis an taighde seo, ba é an sprioc ba mhó a bhí ann ná mionlogainmneacha i gCeantar Ghleann Átha a thaifeadadh agus anailís a dhéanamh orthu sa dóigh is go stórálaí iad leis an eolas ar fad a bhaineann leo. Mar a pléadh ag tús an tráchtais, is neacha leochaileacha iad na mionlogainmneacha a bhfuil tábhacht ag baint le haon obair dhoiciméadach a dhéantar orthu mar bhealach chun iad a chaomhnú. Nuair a tosaíodh ar an taighde ar mhionlogainmneacha an cheantair seo, bhí tábhacht ar leith ag baint le hobair páirce a dhéanamh sa cheantar mar chuid den phróiseas. Bhí sé mar aidhm sa taighde seo na mionlogainmneacha ar fad a bailíodh a lonnú ar léarscáil le cuidiú na hoibre páirce agus suíomh na n-ainmneacha a thaispeáint.

I gCaibidil 1, rinneadh cur síos ar thórdhreach an cheantair agus rinneadh plé ar stair an cheantair ón Tréimhse Neoiliteach chomh fada le stair na linne seo. Pléadh an lonnaíocht i nGleann Átha, an Ghaeilge sa cheantar agus eacnamaíocht na háite. Cuireadh béim faoi leith ar thionchar na himirce sa cheantar fosta.

Sa dara caibidil rinneadh liostáil ar an 400 mionlogainm a bhfuarthas de réir baile fearainn agus cuireadh aon eolas breise leo mar nóta fúthu. Cuireadh an rangú lena mbaineann na logainmneacha in iúl trí mhion-nóta a chur fúthu chomh maith agus pléadh aon fhianaise breise a bhfuarthas i bhfoinsí tánaisteacha. Cuireadh nóta isteach ar shuíomh na logainmneacha a bhfuarthas ar léarscáileanna. Rinneadh leaganacha caighdeánacha a mholadh do logainmneacha a raibh litriú neamhchaighdeánach ag baint leo agus cuireadh nóta isteach faoi logainm ar bith a raibh mír neamhchoitianta ag baint leis, i dtaobh ciall na míre sin.

I gCaibidil 3 pléadh rangú na míreanna sna logainmneacha taobh istigh den dá mhórchatagóir agus i gcomhthéacs na bhfochatagóirí chomh maith. Rinneadh anailís ar na rudaí a insíonn na mionlogainmneacha dúinn maidir le gníomhaíocht mhuintir na háite. Bhí plé ar úsáid na n-áitheanna sa cheantar idir choirce agus aol, ar tháirgeadh an phoitín, ar an stáisiún traenach a bhí sa cheantar agus go leor gníomhaíochtaí eile. Pléadh tionchar na gcleachtas feirmeoireachta ar na mionlogainmneacha idir chóras na rondála agus an bhuailteachas fosta. Rinneadh anailís ar ainmneacha a bhfuarthas sna mionlogainmneacha, ar an bhéaloideas agus an mhiotaseolaíocht agus ar na hainmhithe a fheictear sna logainmneacha. Ar deireadh, rinneadh anailís ar dhéantús na mionlogainmneacha ó thaobh na gramadaí de.

Ba é an t-athrú ba mhó a tháinig ar an taighde a beartaíodh ar an chéad dul síos ná nárbh fhéidir an obair páirce a dhéanamh de bharr an choróinvírís. B'éigean scóip an tráchtais a athrú mar thoradh air seo agus béim níos mó a leagan ar na

foinsí eile a bhí ar fáil idir bhailiúchán na scol, na léarscáileanna agus fhoinsí clóite eile nach iad.

Dá leanfainn leis an taighde seo ar scála níos mó, is cinnte go mbeadh tábhacht mhór ag baint le obair páirce mar nach raibh sé d'acmhainn agam úsáid a bhaint as an mhodh taighde sin leis an tráchtas seo. Leis an chur chuige sin is cinnte go mbeadh tuilleadh mionlogainmneacha le fáil nach bhfuarthas go dtí seo, agus go mbeadh eolas breise i dtaobh na logainmneacha atá sa bhailiúchán seo. Bheinn ábalta na logainmneacha a shuíomh leis an obair páirce agus léarscáil a chur le chéile don bhailiúchán fosta. Thiocfadh tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na logainmneacha chomh maith, ar bhealach níos doimhne ná mar a rinneadh anseo agus d'fhéadfaí rudaí a phlé nach raibh trácht orthu anseo. Thiocfadh anailís theangeolaíoch a dhéanamh ar na mionlogainmneacha agus tréithe canúnacha a fhaightear i mionlogainmneacha Ghleann Átha a iniúchadh .

## Leabharliosta

### Leabhair

- Cody, E. agus Cody, E., 2002. *Survey of the Megalithic Tombs of Ireland: Volume VI County Donegal*. Baile Átha Cliath: Archaeological Survey of Ireland.
- Conaghan, P., 1997. *The Great Famine in South-West Donegal, 1845-1850*. Dún na nGall: Bygonés Enterprise.
- Dineen, P., 1904. *Foclóir Gaedhilge Agus Béarla. An Irish-English Dictionary, Being A Thesaurus Of The Words, Phrases And Idioms Of The Modern Irish Language, With Explanations In English. Compiled And Edited By Rev. P.S. Dinneen*. Baile Átha Cliath: The Irish Texts Society.
- Flanagan, D. agus Flanagan, L., 1994. *Irish place names*. Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan.
- Joyce, P.W., 1913. *The Origin and History of Irish Names of Places III*. Baile Átha Cliath: McGlashan & Gill.
- Lacey, B., 2008. *Cenél Conaill and the Donegal kingdoms, ad 500–800*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.
- Lacey, B., 2012. *Lug's Forgotten Donegal Kingdom: The Archaeology, History And Folklore Of The Síl Lugdach Of Cloghaneely*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.
- Mac Coitir, N., 2015. *Ireland's Birds*. Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan Ltd.
- Mac Gabhann, M., Ó hEochaidh, S. agus Ó Conluain, P., 1996. *Rotha Mór An tSaoil*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta.
- MacNeill, M., 2008. *The Festival Of Lughnasa*. Baile Átha Cliath: Comhairle Bhéaloideas Éireann.
- Mac Laughlin, J. agus Beattie, S., (eag.) 2013. *An Historical, Environmental and Cultural Atlas of County Donegal*. Corcaigh: Cló Ollscoil Chorcaí.
- McLaughlin, G., 2002. *Cloghaneely Myth And Fact*. Cloich Chionnaola: Gerry McLaughlin.
- Ó Baoighill, P., 2000. *Ó Ghleann Go Fánaid*. Binn Éadair, Baile Átha Cliath: Coiscéim.
- Ó Dónaill, N., 1992. *Foclóir Gaeilge-Bearla/Irish-English Dictionary*. Baile Átha Cliath: an Gum.
- O'Donovan, J., agus Herity, M., 2000. *Ordnance survey letters. Donegal : letters containing information relative to the antiquities of the County of Donegal collected during the progress of the Ordnance Survey in 1835*. Baile Átha Cliath: Four Masters Press.
- Vaughan, W.E., 1983. *Sin, Sheep and Scotsmen: John George Adair and His Derryveagh Evictions 1861 (Eagrán 2)*. Béal Feirste: The Ulster Society for Irish Historical Studies.

## Ailt i Leabhair

Anderson, J., 2013. 'Rundale and Social Revolution in Nineteenth-Century Donegal'. In: J. Mac Laughlin agus S. Beattie, (eag.), *An Historical, Environmental and Cultural Atlas of County Donegal*. Corcaigh: Cló Ollscoil Chorcaí, 182-187.

Beattie, S., 2013. 'The Hiring-fair System in Donegal'. In: J. Mac Laughlin agus S. Beattie, (eag.), *An Historical, Environmental and Cultural Atlas of County Donegal*. Corcaigh: Cló Ollscoil Chorcaí, 255-262.

Doherty, C., 2000. 'Settlement in early Ireland'. In: T. Barry, *A history of settlement in Ireland*. Abingdon-on-Thames: Routledge, 50-80.

Fitzpatrick, D., 1995. 'Flight from famine'. In: *The Great Irish Famine*. Póirtéir, C., (eag.) Corcaigh: Mercier Press, 174-184.

Hickey, K., 2013. 'Climate and Weather of County Donegal'. In: J. Mac Laughlin agus S. Beattie, (eag.) *An Historical, Environmental and Cultural Atlas of County Donegal*. Corcaigh: Cló Ollscoil Chorcaí, 57-63.

Hill, G., 1854. 'Farming and Living Conditions- Gweedore in the 1830s and 1840s'. In: J. Mac Laughlin, (eag.), *Donegal, The Making of a Northern County*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 157-160

Mac Congáil, N. 2006. 'Stair Na gColáistí Gaeilge agus Bunú Choláiste Uladh' in Seosamh Ó Ceallaigh (eag.), *Coláiste Uladh 1906- 2006*. Coiste Cuimhneacháin Choláiste Uladh, 110-40

Mac Laughlin, J., 2013. 'Donegal: The Diversity of Bird Life'. In: J. Mac Laughlin agus S. Beattie, (eag.), *An Historical, Environmental and Cultural Atlas of County Donegal*. Corcaigh: Cló Ollscoil Chorcaí, 83-91.

Mac Laughlin, J., 2013b. 'Donegal: The Emigrant Nursery and the Global Economy'. In: J. Mac Laughlin agus S. Beattie, (eag.), *An Historical, Environmental and Cultural Atlas of County Donegal*. Corcaigh: Cló Ollscoil Chorcaí, 263-273.

Mac Laughlin, J., 2002. In: J. Mac Laughlin, *Donegal, The Making of a Northern County*. Baile Átha Cliath: Four Courts Press.

Ó Connacháin, S., 2000, 'Na Croisbhealaí'. In: *Pobal na Gaeltachta- a scéal agus a dhán*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 59-74.

Ó Laoire, L., 1993, 'Introduction: A Yellow Spot on the Snow'. In: Ó Searcaigh, C., *Homecoming/An Bealach 'na Bhaile*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 13-40.

Ó Laoire, L., 2000, 'Gort an Choirce agus Toraigh'. In: *Pobal na Gaeltachta- a scéal agus a dhán*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 75-97.

Ó Laoire, L., 2012. 'An Greann a Choinneáil ag Gabháil': An Leanúnachas agus an t-Athrú in Amhránaíocht agus i gCeol Chloich Cheannfhaola'. In: F. de Brún agus S. Mac Mathúna, (eag.), *Teanga agus Litríocht na Gaeilge i gCúige Uladh sa Naoú hAois Déag, Éigse Loch Lao: Imleabhar 1*. Béal Feirste: Ollscoil Uladh, 152-184.

Sweeney, F., 2013. 'Donegal Railways'. In: J. Mac Laughlin agus S. Beattie, (eag.), *An Historical, Environmental and Cultural Atlas of County Donegal*. Corcaigh: Cló Ollscoil Chorcaí, 405-409.

### **Ailt in Irisí**

Evans, E.E., 1939. 'Some survivals of the Irish openfield system'. *Geography* 24 (1), 24-36.

Freeman, T.W., 1937. 'The changing distribution of population in Donegal, with special reference to the congested areas'. *Journal of the Statistical and Social Inquiry Society of Ireland*, 16: 31.

Lacey, B., 2016. 'The ringed cross at Ray, Co. Donegal: context and date'. *Journal of Irish Archaeology*, 25, 49-65.

Nicolaisen, W.F.H., 1961. 'Field-work in place-name research'. *Studia Hibernica*, (1): 74-88.

Ó Baoighill, P., 1954. 'Beo ar an Imirce'. *Comhar*, 11, 24-25.

Ó Baoill, D., 1986. 'Seanchas agus Dinnsheanchas i nGaoth Dobhair'. *Scáthlán: Iris Chumann Staire agus Seanchais Ghaoth Dobhair*, 3, 48-63.

Ó Conchubhair, S.M., 1941. 'The Congested Districts Board (Continued)'. *The Irish Monthly*, 69 (821), 517-525.

O Dúill, G., 1996. 'Cathal Ó Searcaigh: A Negotiation with Place, Community and Tradition'. *The Poetry Ireland Review*, 48, 14-18.

Ó Gráda, C., 1973. 'Seasonal migration and post-famine adjustment in the west of Ireland'. *Studia Hibernica*, 13, 48-76.

Ó hEochaidh, S., 1943. Buailteachas i dTír Chonaill. *Béaloides*, 1, 130-158.

Ó Laoire, L., 2017. 'AN TIOMANTAS MOTHÁLACH DEARFACH...' *Comhar*, 7, 24-28.

Ó Maolfabhail, A., 1985. 'Baill Choirp mar Logainmneacha'. *Comhar*, 5, 31-32.

Tempan, P., 2008. 'Towards a chronology of topographical elements in Irish place-names: some strategies to resolve relative chronology'. *23rd International Congress of Onomastic Sciences (ICOS 23)*, York University: Toronto, 17-22.

Toner, G., 1999. 'The definite article in Irish place-names'. *Nomina*, 22, 5-24.

### **Foilseachán corparáideach**

Campbell, E. agus McGuinness, A., 2015. *Mapping the minor place names of the Cooley Mountains*. Tuairisc neamhfhoilsithe de chuid Mourne Cooley Gullion Geo Bursary Scheme.

An Phríomh-Oifig Staidrimh. *Daonáireamh na hÉireann 2011 - Cainteoirí Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Phríomh-Oifig Staidrimh.

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus Giollagáin, C.Ó., 2007. *Comprehensive linguistic study of the use of Irish in the Gaeltacht: Principal findings and recommendations*. Baile Átha Cliath: Stationery Office.

### Tráchtas

Lankford, E., 1995. 'Logainmneacha Chléire, Co. Chorcaí', Tráchtas dochtúireachta, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

Ní Dhroighneáin, E., 2016. 'Gnéithe den Imirce Shéasúrach ó Cheantair Ghaeltachta Iarthuaisceart Dhún na nGall ó 1840–c. 1970' Tráchtas dochtúireachta, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

### Ábhar ar an Idirlíon

Buildings of Ireland. 2020. *Bedlam Bridge, Gortahork, County Donegal - Buildings Of Ireland*. [ar líne] Baile Átha Cliath: Fardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta. Ar fail ag: <<https://www.buildingsofireland.ie/buildings-search/building/40811002/bedlam-bridge-gortahork-gortahork-gortahork-county-donegal>> (léite 7 Iúil 2020).

dúchas.ie. 1937-1938. *Scoil Chaiseal na gCorr | Bailiúchán na Scol*. [ar líne] Baile Átha Cliath: Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Fiontar & Scoil na Gaeilge, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ar fail ag: <<https://www.duchas.ie/en/cbes/4428402/4404698>> (léite 20 Meitheamh 2020)

dúchas.ie. 1937-1938. *Scoil Ghort An Choirce | Bailiúchán na Scol*. [ar líne] Baile Átha Cliath: Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Fiontar & Scoil na Gaeilge, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ar fail ag: <<https://www.duchas.ie/en/cbes/4428395/4403969>> (léite 20 Meitheamh 2020).

dúchas.ie. 1937-1938. *Scoil Mhachaire Uí Rabhartaigh | Bailiúchán na Scol*. [ar líne] Baile Átha Cliath: Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Fiontar & Scoil na Gaeilge, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ar fail ag: <<https://www.duchas.ie/en/cbes/4428396/4404110>> (léite 22 Meitheamh 2020).

dúchas.ie. 1937-1938. *Scoil Mhín Doire | Bailiúchán na Scol*. [ar líne] Baile Átha Cliath: Cnuasach Bhéaloideas Éireann, Fiontar & Scoil na Gaeilge, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Ar fail ag: <<https://www.duchas.ie/en/cbes/4428397/4404255>> (léite 22 Meitheamh 2020).

Falcarragh.ie. 2020. *Droichead Na nDeor – Bridge Of Tears*. [ar líne] An Fál Carrach: Falcarragh Tourist and Traders' Association Ar fáil ag: <<http://falcarragh.ie/index.php/2019/03/22/bridge-of-tears/>> (léite 19 Meitheamh 2020).

Ionad Preasa RTÉ. 2016. *Stáisiún Chaiseal Na gCorr | RTÉ Presspack*. Baile Átha Cliath: RTÉ [ar líne] Ar fail ag: <<https://presspack.rte.ie/2016/01/10/staisiun-chaiseal-na-gcorr/>> (léite 17 Meitheamh 2020).

Mac Gabhann, Pádraig, 2006. Faoi agallamh ag Dónall Dinny Ó Gallachóir do *Béaloideas.com*. [ar líne] Gaillimh: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Ar fáil ag: <<http://www.bealoideasbeo.ie/fais-amhain/95>> (léite 6 Bealtaine 2020).

Merriam-webster.com. 2020. *Definition Of 'BOG CROOK'*. [ar líne] Ar fáil ag: <<https://www.merriam-webster.com/dictionary/bog%20crook>> (léite 4 Lúnasa 2020).

Nic Gairbheith, Gráinne, 2006. Faoi agallamh ag Dónall Dinny Ó Gallachóir do *Béaloideas.com*. [ar líne] Gaillimh: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Ar fáil ag: <<http://www.bealoideasbeo.ie/fais-amhain/29>> (léite 30 Bealtaine 2020).

Ó Gallachóir, Jimí, 2006. Faoi agallamh ag Dónall Dinny Ó Gallachóir do *Béaloideasbeo.ie*. [ar líne] Gaillimh: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Ar fáil ag: <<http://www.bealoideasbeo.ie/bealoideas/httpdocs/faiscat.php?sloinne=%C3%93%20Gallch%C3%B3ir&ainm=Jim%C3%AD%20Beag%20Chit%20Rua&focat=Logainmneacha&idf=31&codc=An%20Eala%C3%ADn%20Bh%C3%A9il>> (léite 5 Bealtaine 2020).

Ó Searcaigh, Cathal (2006) Faoi agallamh ag Dónall Dinny Ó Gallachóir do *Béaloideas.com*. [ar líne] Gaillimh: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. ar fáil ag: <<http://www.bealoideasbeo.ie/index.php/fais-amhain/506>> (léite 30 Bealtaine 2020).

Ó hEarcáin, John (2006) Faoi agallamh ag Dónall Dinny Ó Gallachóir do *Béaloideas.com*, [ar líne]. Gaillimh: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Ar fáil ag: <<http://www.bealoideasbeo.ie/fais-amhain/333>> (léite 5 Bealtaine 2020).

Meitheal Logainm.ie. 2020. *Meitheal Logainm.ie | Eolas Ar An Suíomh Seo*. [ar líne] Ar fáil ag: <<https://meitheal.logainm.ie/ga/eolas/>> [léite 20 Bealtaine 2020].

an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2020. *Protected Sites in Ireland* [ar líne]. Baile Átha Cliath: an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Ar fáil ag: <<https://www.npws.ie/protected-sites>> (léite 15 Lúnasa 2020).

Uisce Éireann. 2017. *Tús Á Chur Le Obair Tógála Ag Ionad Nua Cóiréala Uisce An t-Ard Bheag In Iar-Thuaisceart Dhún na nGall*. [ar líne] Ar fáil ag: <<https://www.water.ie/news/works-commence-at-new-ard/?set-lang=ga>> (léite 8 Bealtaine 2020).

#### **Cláir Raidió agus Teilfíse:**

Póirtéir, C., 'Documentary on one: Facts about 'Facts from Gweedore'', RTÉ Raidió 1. 26 Aibreán 2016

Robinson, T., 'Connemara', TG4. 10 Meitheamh 2020